



Oifig na nOibreacha Poiblí
Ráiteas um Chumhdach Leanaí
2018



25 Meitheamh 2018

Réamhfhocail

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as Seirbhísí Stáit i dtaca le Bainistiú Riosca Tuile agus Bainistiú Eastáit. Cuirtear seirbhísí do chuairoteoirí ar fáil ag an seacht láithreán oidhreacht is tábhachtaí in Éirinn. Tugann breis is sé mhilliún duine cuairt ar na láithreáin seo gach bliain. Is leanaí a bhíonn in a lán de na cuairteoirí seo. Ceann de na príomh chuspóirí straitéiseacha atá againn ná cur le rochtain don phobal, maraon leis na láithreáin oidhreacht a chur i láthair ar an mbealach is tairbhí agus a chinntiú go mbainfidh cuairteoirí sult agus tairbhe oideachais thar na bearta as a gcualrt. Ba cheart go mbeadh láithreáin oidhreacht ionspioráideach agus go bhféadfadh daoine ábhar a fhoghlaim iontu, agus go mbeadh ar chumas daoine de gach aois cuairt a thabhairt orthu.

Is cur chuige leanbhlárnach a chleachtann OOP nuair a bhíonn siad ag déileáil le leanaí agus daoine óga. D'ullmhaigh muid an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo chun go gcinnteofar go gcoinneofar leanaí sábháilte an fhad agus a bhíonn siad ar cuairt ag ár láithreáin nó ag úsáid ár seirbhísí, agus iad ag cur lena gcuid eolais agus lena dtuiscint ar oidhreacht an náisiúin.

Maurice Buckley
Cathaoirleach

Nóta maidir leis na pictiúir ar an gclúdach

Clúdach Tosaigh: Seo pictiúr oifigiúil de chuid OOP a choimisiúnaigh Preasoifig OOP ar mhaithe le fógraíocht. Níl cead ag an bhfoireann oibre piciúir mar seo a thógáil ná a úsáid, má bhíonn leanaí ar leith so-aitheanta, agus/nó gurb iad an príomhghné sa phictiúr.

Clúdach Cúil: Seo pictiúr a thóg oibrí de chuid OOP d'úsáid oifigiúil amháin. Cé go bhfuil leanaí sa phictiúr, táthar ag díriú go príomha ar an láithreán, agus níl aghaidheanna na leanaí so-aitheanta. I gcásanna mar seo, ní mór don ghrianghrafadóir ráiteas béal a dhéanamh ag cur in iúl gur mhian leis pictiúr den láithreán mórthimpeall a thógáil ionas go mbeidh am ag na leanaí imeacht sula dtógtar an pictiúr. Bíonn cead ag oibrithe grianghraf mar seo a thógáil d'úsáid oifigiúil amháin.

CLÁR**RÉAMHFHOCAL****RÉAMHRÁ****ROINN A: POLASAÍ**

CUID 1: REACHTAÍOCHT AGUS TREOIR NÁISIÚNTA.....	5
CUID 2 DUINE ÁBHARTHA AGUS DUINE SAINORDAITHE	5
CUID 3: SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA AGUS GNÍOMHAIOCHTAÍ ABHARTHA A CHUIRTEAR AR FÁIL.....	5
CUID 4: MEASÚNÚ RIOSCA	7
CUID 5: RÓIL:	
PRÍOMHCHÚRAMÓIRÍ	9
LEANAÍ	9
CUAIRTEOIRÍ	9
FOIREANN IOMLÁN OOP.....	10
BAINISTEOIRÍ OOP	10
EARCÚ FOIRNE, ROGHNÚCHÁN AGUS CEAPACHÁN OIBRITHE	11
OIBRITHE A CHUIREANN SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA AR FÁIL AG LÁITHREÁIN OOP	11
OIBRITHE AG LÁITHREÁIN OOP NACH OIBRITHE DE CHUID OOP IAD.....	11
DUINE ÁBHARTHA	12
DUINE SAINORDAITHE.	12
AN TAONAD POLASAÍ	12
CUID 6: SCAIPEADH agus TAISPEÁINT.....	12

PÁIRT B: NÓSANNA IMEACHTA UM CHUMHDACH LEANAÍ

CUID 7: CÓD IOMPAIR SAN ÁIT OIBRE.....	13
CUID 8: EARCÚ, ROGHNÚCHÁN AGUS CEAPACHÁN	15
CUID 9: OILIÚINT	16
CUID 10: SEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ A BHAINISTIÚ.....	17
CUID 11: CONARTHAÍ SEIRBHÍSÍ AG LÁITHREÁIN OIDHREACHTA A BHAINISTIÚ	17
CUID 12: SEIRBHÍSÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL GO DÍREACH DO LEANAÍ	17
CUID 13: LEANAÍ CAILLTE/AR IARRAIDH	18
CUID 14: TAITHÍ OIBRE DO MHICLÉINN IDIRBHLIANA.....	20
CUID 14A: OIBRITHE FAOI AOIS SAN OOP	20
CUID 15: GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA.....	20
CUID 16: RIACHTANAIS um THUAIRISCIÚ.....	22

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1: SAINMHÍNITHE
AGUISÍN 2: RÓIL NA NDAOINE AR LEITH, DUINE ÁBHARTHA, DUINE SAINORDAITHE AGUS BAINISTEOIRÍ SINSEARACHA
AGUISÍN 3: NÓSANNA IMEACHTA GHRINNFHIOSRÚCÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA
AGUISÍN 4: FOIRM SHLÁNAÍOCHTA
AGUISÍN 5: FOIRM TOILITHE MAIDIR LE hÍOMHÁNNNA A FHOLSIÚ SNA MEÁIN
AGUISÍN 6: FOIRM THUAIRISCITHE EACHTRA
AGUISÍN 7: TAITHÍ OIBRE GAN ÍOCAIOCHT DO MHICLÉINN FAOI 18 mbI. AGUS DAOINE FÁSTA SOGHONTA
AGUISÍN 8: FOIRM DHEARBHAITHE – DEIMHNIÚ GUR LÉADH AN RÁITEAS

RÉAMHRÁ

Sonraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 gur “seirbhís ábhartha” a bhíonn i gceist in aon obair nó gníomhaíocht ina gcuirtear seirbhísí oideachais, cultúrtha, fóillíochta, caitheamh aimsire nó aon ghníomhaíocht fhisiciúil ar fáil do leanaí.

Sonraítear in Alt 10 den Acht sin:

“Go ndéanfaidh soláthraí seirbhísí a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbíonn gach leanbh a úsáideann seirbhísí an tsoláthraí slán ó dhíobháil le linn dó/di a bheith ag úsáid na seirbhísí sin”

Cé nach é príomhghnó Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) seirbhísí a chur ar fáil do leanaí, mar sin féin, cuireann an Oifig *seirbhísí ábhartha* éagsúla ar fáil do leanaí sa mhéid agus go dtugann leanaí cuairt ar na séadchomharthaí náisiúnta agus an mhaoin stairiúil. Baineann suas le 80,000 páiste leas as ár gclár Cuirteanna Saor in Aisce do Scoileanna gach bliain. Tacaíonn an clár leis an gcuraclam oideachais agus tugtar deis do na páistí agus a gcuid múinteoirí blaiseadh a fháil den ealaín, stair agus eolaíocht shóisialta ag láithreáin oidhreachta éagsúla ar fud na tíre. Glacann an Oifig freisin le micléinn Idirbhliana a bhíonn ag lorg taithí oibre agus bíonn baint ag an Oifig le hoibrithe óga a bhíonn fostaithe ag eagraíochtaí eile a oibríonn ar chonradh ag láithreáin OOP éagsúla. Is féidir le OOP oibrithe óga faoi 18 mbl. a fhostú, mar shampla, mar Oifigeach Cléireachais Sealadach.

Tá na beartais agus na nósanna imeachta atá luaite sa Ráiteas seo bunaithe ar mheasúnú riosca i dtaca leis an mbaol go ndéanfaí díobháil¹ do leanaí maraon le réimse beartas a ullmhú chun a leithéid de bhaol a laghdú agus páistí a chumhdach fad is a bhíonn siad ag baint úsáide as ár seirbhísí.

Níl *seirbhísí ábhartha* á gcur ar fáil i roinnt mhaith d’ionaid oibre OOP, mar shampla, oifigí riaracháin, forhallaí iontrála, iostaí agus mar sin de. Is iad na tuismitheoirí nó caomhnóirí amháin atá freagrach as sláinte, sábháilteacht, leas agus cumhdach leanaí a thagann isteach ar pháirteanna d’áitreabh OOP nach bhfuil san áireamh faoi na *seirbhísí ábhartha*.

Beidh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ag teacht i bhfeidhm ar an 25 Meitheamh 2018 agus cuirfear na forálacha ar fad i bhfeidhm chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin. Tagann an Ráiteas seo in ionad Pholasáí um Chosaint Leanaí OOP 2012. Baineann an ráiteas le gach fostaí de chuid OOP maraon leo siúd atá ar chonradh ag OOP, ag soláthar earraí agus seirbhísí ag ionaid de chuid OOP maraon leo siúd a fhaigheann cead ó OOP seirbhísí a chur ar fáil don phobal ag ionaid OOP.

Déanfar athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP gach dhá bhliain. Breathnófar air arís má dhéantar aon mholtaí sa todhchaí maidir le cur lenár ngníomhaíochtaí ábhartha do pháistí.

Sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, de réir Chuid 2 den Acht um Chúram Leanaí 1991, sainmhínítear leanbh mar dhuine atá faoi 18 mbliana d’aois, mura bhfuil an duine sin pósta nó mura raibh sé/sí pósta riamh.

¹ “Díobháil” mar atá sainmhínithe i gCuid 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Féach Aguisín 1.

ROINN A: POLASAÍ

Cuid 1: REACHTAÍOCHT AGUS TREOIR NÁISIUNTA

Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP 2018 bunaithe ar na forálacha reachtúla agus an treoir náisiúnta a leanas:

- *An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* (tá an riachtanas i dtaca le ráiteas um chumhdach leanaí a ullmhú sonraithe anseo, i measc nithe eile);
- *An tAcht um Chúram Leanaí 1991* (tá sainmhínithe ábhartha anseo);
- *An tAcht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012* (cuireann an tAcht seo dualgas ar fhostóirí faisnéisiú Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a fháil maidir le gach duine a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil do leanaí nó daoine soghonta).
- **Tús Áite do Leanaí:** Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 (arna eisiúint faoi Chuid 6 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá roinnt sainmhínithe neamhreachtúla anseo, treoir maidir le deachleachtas, nósanna imeachta maidir le tuairisciú, eolas d'fhostóirí srl.)
- **Ár nDualgas Cúraim:** Prionsabail an deachleachtais i dtaca le cosaint leanaí agus daoine óga, An Roinn Sláinte 2002 (I dteannta Threoir Tús Áite do Leanaí, tá comhairle ar fáil anseo maidir le deachleachtas).
- *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí a Choimeád Siar), 2012* (cuireann sé seo dualgas ar dhuine nochtadh don Gharda Síochána má tá aon eolas aige nó má chreideann duine go ndearnadh cionta tromhchúiseacha in aghaidh linbh).
- *An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí* (sonraítear san Acht seo go mbeidh cosaint agat má thuairiscíonn tú mí-úsáid leanaí chuig oifigigh Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó an Garda Síochána, má dhéantar an tuairisciú de mheon mhacánta, gan a bheith mailíseach).

Cuid 2: CEAPACHÁN 'DUINE ÁBHARTHA' AGUS 'DAOINE SAINORDAITHE' "

Faoi Acht um Thús Áite do Leanaí, ní mór "duine ábhartha" a cheapadh agus sin an chéad teagmhálaí a bheidh i gceist i ngach eagraíocht maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na heagraíochta sin Is é polasaí OOP ná ceannasaí an Aonaid Polasaí a cheapadh sa ról seo, mar atá luaite in Aguisín 2, agus tá ainm agus sonraí teagmhála an duine seo liostáilte anseo.

Faoi Acht tá dualgas ar eagraíocht "duine sainordaithe" a cheapadh chun feidhmeanna áirithe i dtaca le cosaint leanaí a chur i gcrích, ina measc, tuairisciú cásanna chuig Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, má bhíonn fhios ag an duine sainordaithe nó má chreideann sé nó má bhíonn amhras réasúnach air go ndearnadh díobháil, nó go bhfuil díobháil á déanamh nó go bhfuil baol ann go ndéanfar díobháil do leanbh. Is é polasaí OOP an bheirt Oifigeach Pearsanra a cheapadh sa ról seo. Ceaptar beirt ionadaithe chomh maith le bheith freagrach as an ról seo mura mbeadh fáil ar an Duine Sainordaithe ar freadh tréimhse fhada.

Tá ról an Duine Sainordaithe leagtha amach in Aguisín 2 agus tá ainmneacha agus sonraí teagmhála do na daoine seo liostáilte ansin.

Ní mór do na hoibrithe a cheapfar mar Dhuine Ábhartha, Duine Sainordaithe nó Ionadaí an Duine Sainordaithe a bheith eolach ar chosaint leanaí agus beidh orthu oiliúint agus ullmhúchán mar is gá a dhéanamh, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach.

Cuid 3: SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA agus GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÁBHARTHA OOP

Tá gach *seirbhís ábhartha*² (mar a shainmhínítear sa réamhrá), a chuireann OOP ar fáil, faoi rialú an Ráitis um Chumhdach Leanaí seo. Ina theannta sin ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i ndáil le gach duine a sholáthraíonn seirbhís a thagann faoi *gníomhaíochtaí ábhartha*.² Cuireann OOP an réimse *seirbhísí ábhartha* seo a leanas ar fáil ag 70 láithreán ar fud na tíre:

Imeachtaí a bhaineann le scoileanna: Ina measc seo, bíonn turais scoile agus ceardlanna ranga ina mbíonn grúpaí páistí i dteannta a bpríomhchúramóirí. Uaireanta ní bhítear ábalta freastal ar chúramóirí fásta ag na ceardlanna agus bíonn oibrithe OOP i bhfeighil an ghrúpa leanaí sa chás sin. Uaireanta tagann leanbh ina aonar agus cuidíonn foireann OOP leis/léi, ar nós, taithí oibre do dhaltai Idirbhliana agus taighde cuidithe i gcomhair tionscadail scoile. Is *gníomhaíochtaí ábhartha* iad seo ar fad.

Turais Threoraithe Beartaithe: De ghnáth, bíonn ticéid ag páistí i gcomhair turais agus imeachtaí mar pháirt de ghrúpa teaghlaigh agus iad i dteannta príomhchúramóra. Tagann roinnt páistí níos sine ina n-aonar agus gan tionlacan ar thurais, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh fhios ag foireann OOP ar daoine fásta iad nó nach ea. Cé go bhfuil sé de chead ag treoraithe turais, gan ligean do pháistí gan tionlacan teacht ar an turas, de ghnáth, fáiltíonn OOP roimh na páistí seo agus léirítear meas dá neamhspleáchas i dtaca le freastail ar thurais ina n-aonar. Ní *gníomhaíochtaí ábhartha* atá i gceist anseo.

Léachtaí, cainteanna, imeachtaí ceoil agus liteartha: De ghnáth bíonn na himeachtaí seo curtha in áirithe roimh ré, agus ní bhíonn páistí ag freastal ar a leithéid seo, de ghnáth, ach amháin mar pháirt de ghrúpa teaghlaigh, b'fhéidir. Ní *gníomhaíochtaí ábhartha* iad seo.

Imeachtaí gan ticéid nó cuairteanna neamhfhoirmeálta/ócáideacha: Seo imeachtaí, ar nós, taispeántais atá saor in aisce, imeachtaí oscailte, láithreáin le cuairteanna féinthreoraithe, páirceanna inar féidir dul isteach iontu gan srianadh, féilte amuigh faoin aer agus úsáid caiféanna agus stáiníní bia. I gcásanna mar seo, is é an príomhchúramóir atá freagrach as na leanaí; mar sin féin, aimsítear leanaí gan tionlacan príomhchúramóra ag imeachtaí den tsórt seo, uaireanta. Ní *gníomhaíochtaí ábhartha* iad seo.

Ceardlanna pleanáilte agus imeachtaí eile do leanaí: is imeachtaí pleanáilte a bhíonn curtha in áirithe roimh ré atá i gceist anseo agus d'fhéadfadh (i) foireann OOP iad a eagrú agus a sheachadadh nó (ii) foireann OOP ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, nó (iii) eagraithe ag eagraíochtaí seachtracha ar láithreáin de chuid OOP. Is *gníomhaíochtaí ábhartha* iad seo. I gcás (ii) agus (iii) rialaíonn OOP agus na heagraíochtaí seachtracha socraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha scríofa agus slánaíochta.

² “*Gníomhaíochtaí ábhartha*” mar a shainmhínítear iad faoi Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Fásta Soghonta) 2012. Féach ar Aguisín 1.

Is *seirbhísí ábhartha* iad ar fad thuas faoi Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Cuid 4: MEASÚNÚ RIOSCA

De bharr nach mbíonn Oifig na nOibreacha Poiblí páirteach i soláthair seirbhísí cúram leanaí per se, is iad príomhchúramóirí na leanaí atá freagrach as a chinntiú nach ndéanfar aon díobháil dá gcuid leanaí le linn dóibh bheith ar cuairt inár láithreáin. Mar sin féin, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i gCuid 3, d'aithin an Oifig rioscaí áirithe do leanaí. Tá siad sin leagtha amach thíos. Tá roinnt beartas chun na rioscaí seo a mhaolú nó a chosc luaite sna nósanna imeachta atá leagtha amach i Roinn B den cháipéis seo.

- D'fhéadfadh díobháil do leanaí a bheith réamhbheartaithe, agus d'fhéadfadh daoine ar mhian leo díobháil a dhéanamh do leanaí post nó obair dheonach a lorg ionas go mbeadh siad in ann bheith ag obair le páistí. Tá sé mar aidhm ag cleachtais earcaíochta, roghnúcháin agus ghrinnfhiosrúcháin (féach cuid 8 agus 14) OOP stop a chur le daoine mar seo agus leis an mbaol go roghnódh OOP duine ar mhian leis díobháil a dhéanamh do leanaí.
- De ghnáth tarlaíonn cionta in aghaidh leanaí faoi rún. D'fhéadfadh baill foirne de chuid OOP a bheith i gcuideachta leanaí ina aonar, go háirithe i gcás oibrithe Idirbhliana, miocléinn i mbun tionscadal taighde agus leanaí a bhíonn scartha óna gcúramóirí. Tá sé d'aidhm ag nósanna imeachta OOP i dtaca le maoirsiú atá “feiceálach ag cách” (féach cuid 7), an prótacal chun déileáil le páistí atá scartha óna gcúramóirí (féach cuid 13), agus nósanna imeachta um bhainistiú miocléinn Idirbhliana atá ar thaithí oibre (féach Cuid 14), aon deis a bheadh ag ball foirne a bheith ina n-aonar le leanaí a sheachaint chomh fada agus is féidir, ionas go gcuirfear cosc le haon mhí-úsáid leanaí faoi rún.
- De ghnáth, bíonn pleanáil chúramach agus láimhsiú leanaí agus cúinsí ar leith de dhíth i gcásanna áirithe mar shampla mí-úsáid ghnéis. De bharr an chineál *seirbhísí ábhartha* a chuireann OOP ar fáil, is annamh a bhíonn teagmháil leanúnach thar thréimhse ama ag oibrithe leis na leanaí céanna. Mar sin ní bheadh ach seans fíorbheag go mbeadh deis ag oibrí in ionad OOP íospartach a ghrúmáil thar thréimhse ama.
- Bíonn leanaí soghonta nuair a bhíonn siad scartha óna bpríomhchúramóirí. De bharr an soiléiriú a rinneadh ar ról ar leith (féach Cuid 5) agus ár rialacha maidir le tionlacan agus maoirseacht (féach Cuid 7, 11 agus 12) laghdaítear na hócáidí ina mbíonn leanaí óga nach bhfuil faoi chumhdach a bpríomhchúramóra i láthair ag ár láithreáin. Glactar cur chuige níos comhréirí mar is cuí i dtaca le leanaí níos sine in ár gcód i dtaca le maoirsiú atá “feiceálach ag cách” agus na socruithe do dhaltai Idirbhliana agus oibrithe faoi 18 (féach Cuid 14). Tá sé d'acmhainn acu siúd iad féin a chosaint mar is léir óna neamhspleáchas in úsáid ár seirbhísí.

Is féidir le díobháil, ar nós, ionsaí nó frithghníomh míchuí tarlú go tobann i gcásanna áirithe. Tá sé d'aidhm ag ár nósanna imeachta um oiliúnt foirne (féach Cuid 9) agus ár gCód Iompair um Chumhdach Leanaí (féach Cuid 7) cosc a chur le hiompar bagrach, foréigneach nó maslach. De bharr go ndearna muid soiléiriú ar ról ar leith (féach Cuid 5), tá na hoibrithe ar fad ar an eolas faoina gcuid cearta agus dualgas maidir le gan aon teanntás a dhéanamh ar leanaí ar an láthair murar páirt dá ndualgas é sin a dhéanamh.

- Uaireanta, d'fhéadfadh sé nach mbeadh fáilte roimh iarrachtaí na n-oibrithe a bheith cuidiúil nó go mbeadh na hiarrachtaí seo míchuí, mar shampla, ag tabhairt sólais do leanbh atá cailte nó trína chéile. Déanann ár gCód Iompair um Chumhdach Leanaí (Cuid 7) agus Nósanna Imeachta um Pháistí Cailte (féach Cuid 13) soiléiriú ar an deachleachtas don fhoireann i gcásanna mar seo. Déanfar míthuiscint agus masla neamhbheartaithe a sheachaint má leantar na nósanna imeachta seo.
- D'fhéadfaí líomhaintí mailíseacha i dtaobh iompair mhíchuí a dhéanamh i gcoinne oibrithe. Is ionann meas a bheith ar leanaí agus meas a bheith ar an bhfoireann chomh maith. Beidh an eagraíocht níos sábháilte agus níos sláintiúla má leantar cleachtais shábháilte, dá réir, cuirfear deireadh le cásanna ina mbeadh ar an bhfoireann rioscaí a thógáil. Cuirfear tacaíocht ar fáil don fhoireann chomh maith. Le tacaíocht agus cosaint na foirne a neartú, tá sainmhíniú tugtha ag OOP ar na Róil ábhartha ar fad (féach Cuid 5) ina ndeimhnítear go ndéanann na Nósanna Imeachta, (féach Roinn B) atá leagtha amach sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo cinnte de nach mbeidh aon dabht faoi na freagrachtaí, dualgais agus na caighdeáin atá riachtanach.
- D'fhéadfadh iompar pearsanta atá éagsúil drochéifeachtaí a bheith aige ar dhaoine óga. Leagann ár gCód Iompair um Chumhdach Leanaí (féach Cuid 7) síos treoracha soiléire don fhoireann maidir lena n-iompar le linn dóibh a bheith i dteannta daoine óga, ag cur san áireamh an difríocht in aibíocht atá eatarthu agus chomh furasta agus atá sé dul i bhfeidhm ar dhaoine óga, maraon leis an ngá atá le hiompar cuí san áit oibre.
- D'fhéadfadh tríú páirtí díobháil a dhéanamh do leanaí ag ár láithreáin. De réir ár gCód Iompair um Chumhdach Leanaí (féach Cuid 7) agus Riachtanais Thuairiscithe (féach Cuid 16), tá dualgas ar an bhfoireann a bheith ar a n-aire agus tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána faoi aon chionta díobhálacha a fheiceann siad le linn a gcuid oibre.
- D'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do leanaí lasmuigh dár seirbhísí ach gur chuir siad an díobháil seo in iúl do bhall foirne OOP. Cé go mbeadh a leithéid seo neamhghnách de bharr chomh gairid agus a bhíonn an tréimhse idirghníomhaíochta idir leanaí agus ár bhfoireann. Mar sin féin, tá nósanna imeachta maidir le cásanna mar seo leagtha amach ag OOP i gCuid 5 (Róil) agus Cuid 16 (Tuairisciú).

De ghnáth, ní bhíonn fhios ag an bhfoireann cé a bhíonn ag freastal ar *ghníomhaíochtaí ábhartha* OOP agus de bharr nach mbíonn an fhoireann i dteagmháil le daoine ach ar feadh tréimhse an- ghearr, ní dócha go mbeadh ábhar imní réasúnta ag an bhfoireann maidir le leanbh a bheith i mbaol mí-úsáide nó faillí. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil sé de dhualgas ar gach saoránach aon ábhar imní réasúnta den chineál seo a chur in iúl do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus anTeaghlach.

Tá breis eolais ar fáil ag <http://www.tusla.ie/children-first/general-public>. Tá sonraí a bhaineann le hábhar imní a thagann chun cinn in áit oibre OOP a chur in iúl leagtha amach i gCuid 16.

Cuid 5: RÓIL

Is freagracht choiteann atá i gceist le cumhdach leanaí agus tá sé de dhualgas ar gach duine fásta a bheith ar a n-aire agus réamhghníomhach mar is i gcomhpháirtíocht le chéile a chuirfidh muid cosc ar dhíobháil do leanaí agus iad ag úsáid ár seirbhísí agus ár láithreáin. Is é polasaí OOP go nglactar leis na ról a leanas:

Ról na bPríomhchúramóirí

Is iad na príomhchúramóirí, tuismitheoirí, múinteoirí nó duine eile in loco parentis atá freagrach, go príomha, as cúram agus cumhdach leanaí ag láithreáin OOP. Ba cheart dóibh a chinntiú nach bhfágтар leanaí óga ina n-aonar. Ba cheart dóibh na leanaí a thionlacan ar thurais agus le linn imeachtaí eile nuair a iarrann foireann OOP orthu sin a dhéanamh. Ba cheart dóibh treoracha OOP a leanacht i dtaca le freagracht a thabhairt ar láimh agus cáipéisí slánaíochta a chomhlánú nuair a fhágann siad leanaí faoi chúram fhoireann OOP. Má cheadaíonn an príomhchúramóir dá leanbh láithreáin agus seirbhísí OOP a úsáid gan tionlacan duine fásta, glacfaidh OOP leis go bhfuil an duine óg sin in achmhainn déileáil leis an láithreán agus na seirbhísí ina aonar. Is féidir le príomhchúramóirí an polasaí seo a fheiceáil ar shuíomhanna idirlín OOP, nó é a éileamh ar ríomhphost nó ag an láithreán. De réir na ndualgas reachtúil⁴, bítear ag súil go mbeadh príomhchúramóirí ar a n-aire faoi rioscaí agus tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána faoi aon chionta ábhartha³ a fheiceann siad.

Ról Leanaí

Tá ról ag leanaí maidir le hiad féin a chosaint le linn dóibh a bheith ag úsáid láithreán agus seirbhísí OOP. Ba cheart dóibh cloí le rialacha agus nósanna imeachta an láithreáin. Ba chóir dóibh iad féin a iompar mar is cuí le leanaí eile, aon idirghníomhaíocht le hoibrithe nach treoraithe iad, agus nach bhfuil aon ghá leis a sheachaint agus aon chion ábhartha⁵ a fhulaingíonn siad nó a fheiceann siad a chur in iúl don phríomhchúramóir agus/nó do bhall foirne de chuid OOP.

Ról Cuairteoirí

Beidh Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP ar fáil do chuairteoirí a thagann chuig láithreáin OOP, má iarrann siad cóip de. Ba cheart dóibh cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Ráiteas maraon le gach riail eile a bhaineann leis an láithreán maidir le sábháilteacht agus cumhdach leanaí.

³ Cionta ábhartha mar atá sainmhínithe san Acht um Cheartas Coiriúil (*Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar*) 2012 (féach Aguisín 1)

⁴ Forálann an tAcht um Cheartas Coiriúil (*Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar*) 2012, go bhfuil dualgas ar dhuine nochtadh don Gharda Síochána má tá fhios aige nó má chreideann sé go ndearnadh cionta áirithe i gcoinne linbh (féach Cuid 16).

⁵ Féach sainmhíniú in Aguisín 1

Ba cheart dóibh a bheith ar a n-aire maidir le rioscaí agus tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána faoi aon chionta ábhartha a fheiceann siad. Ba chóir go mbeadh fhios acu go bhfuil gach duine fásta eile ina dtimpeall ar a n-aire chomh maith. Ar mhaithe leo féin, ba cheart dóibh aon chineál iompair a chruthódh drochamhras in aice le clóis shúgartha, a sheachaint. Níor cheart aon phictiúr a thógáil do leanaí gan cead, ná níor cheart dul ag caint le leanaí nach bhfuil aithne acu orthu.

Ról fhoireann iomlán OOP

Ní mór d'fhoireann uile OOP a bheith eolach ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Ba chóir dóibh tuiscint a bheith acu ar a ról agus a ndualgas agus cloí go daingean leo. Ní mór do gach ball foirne an dearbhú in Aguisín 8 a shíniú. Ba cheart don fhoireann uile a bheith ar a n-aire faoi rioscaí agus tuairisc a thabhairt dá mbainisteoir líne agus don Duine Sainordaithe faoi aon ábhar imní (féach Cuid 16). Tá dualgas ar aon oibrí a fheiceann cion ábhartha (féach Aguisín 1), tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána. Tá an ceart agus dualgas ar bhaill foirne nach gcuireann seirbhísí díreacha ar fáil do leanaí gan aon idirghníomhaíocht fhada a bheith eatarthú féin agus leanaí a bhíonn ar an láithreán, ach amháin i gcásanna éigeandála (m.sh. sláinte, sábháilteacht, leanbh caillte). Ba cheart d'aon bhall foirne a théann i mbun conartha le soláthraí seirbhíse a bheidh ag obair ar láithreán oidhreacht OOP, na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCuid 10a a leanacht.

Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne de chuid OOP cloí leis an gCód Iompair um Chumhdach Leanaí mar atá leagtha amach i gCuid 7, nuair a bhíonn siad ag déileáil le leanaí.

Chomh maith lena ról ginearálta mar bhall foirne, tá roinnt freagrachtaí eile ar bhaill foirne i ról ar leith, mar a leanas:

Freagrachtaí breise ar Bhainisteoirí OOP

Nuair a bhíonn an fhoireann ag cur *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil do leanaí, bítear ag súil go dtabharfaidh a gcuid maoirseoirí agus bainisteoirí tacaíocht dóibh trí oiliúint, monatóireacht agus achmhainní a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh ar a gcumas cloí leis na polasaithe agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Ráiteas seo. Caithfear cloí le forálacha an Ráitis um Chumhdach Leanaí nuair a bhítear ag ullmhú pleananna gnó straitéiseacha, pleananna oibríochta, cláir rioscaí agus le linn phróiseas PMDS. Féach Cuid 10 (seirbhísí do leanaí a bhainistiú).

Tá Bainisteoirí sinsearach OOP freagrach as nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu ina réimse freagrachta féin, lena chinntiú go maolóidh na nósanna imeachta seo an cineál riosca atá luaite i gcuid 4, maraon le haon rioscaí ar leith eile ag láithreáin áirithe. Ba cheart do Bhainisteoirí sinsearach aon ábhar maidir le feidhmiú pholasaithe agus nósanna imeachta um Chumhdach Leanaí sa réimse feidhme atá faoina gcúram a chur in iúl don Duine Ábhartha.

Freagrachtaí breise ar bhaill foirne OOP a bhíonn ag earcú, ag roghnú agus ag ceapadh oibrithe

Ní mór do bhaill foirne a bhíonn i mbun earcaíochta agus roghnúchán oibrithe, na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCuid 8 a leanacht. Ba chóir a chinntiú go mbíonn daoine a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil do leanaí feiliúnach don ról seo trí phróiseas measúnaithe Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Freagrachtaí breise ar bhaill foirne OOP a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil go díreach do leanaí

Tá dualgas faoi leith ar na daoine seo an Polasaí seo a thuiscint agus cloí leis na nósanna imeachta ábhartha, go háirithe iad sin atá leagtha amach i gCuid 12. Ní mór do bhaill foirne a oibríonn go díreach le leanaí toiliú do Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus comhoibriú le nósanna imeachta an ghrinnfhiosrúcháin agus ath-ghrinnfhiosrúcháin (féach Cuid 15). Más gá, ba cheart dóibh foghlaim agus oiliúint bhreise i dtaca le Cosaint Leanaí a lorg. Ní mór dóibh comhoibriú go toilteanach le treoracha bainistíochta atá bainteach le haon ábhar, imní, gearán nó fiosrúchán líomhaintí i dtaca le cumhdach leanaí.

Ní gá do bhaill foirne tús líne, a chuireann seirbhísí ar fáil do chuairoteoirí, a bheith mar chúramóirí do leanaí a thagann ar chuairt neamhfhoirmeálta ina n-aonar, nó a bhíonn ag iarraidh freastal ar thuras ina mbíonn ticéid ag teastáil. I gcásanna mar seo, is féidir leis an treoraí turais a chinneadh féin a dhéanamh maidir leis an leanbh a ligean nó gan a ligean ar an turas.

Ról na n-oibrithe eile ar láithreáin OOP, atá oscailte do chuairoteoirí

Ba cheart go mbeadh gach oibrí ar láithreáin de chuid OOP, atá oscailte do chuairoteoirí, ar an eolas faoin Ráiteas um Chumhdach leanaí seo. Ba cheart dóibh cóip agus achoimrí de a léamh. Ní mór dóibh cloí le forálacha iompair an Ráitis seo ar láithreáin OOP. Ní mór dóibh an fhoirm dhearbhaithe in Aguisín 16 a shíniú, má iarrann an bainisteoir áitiúil OOP orthu sin a dhéanamh.

Ról Duine Ábhartha OOP

De réir an Pholasaí seo, is é an duine ábhartha an chéad teagmhálaí de chuid OOP maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus aon ábhar a eascraíonn as an dóigh a bhfuil sé ag obair. Tá sonraí teagmhála an duine seo ar fáil in Aguisín 2.

Ról Duine (Daoine) Sainordaithe OOP

Tá ról reachtúil ag an Duine Sainordaithe faoi Alt 14 agus 16 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá sonraí maidir leis an ról agus na daoine atá sa ról seo faoi láthair leagtha amach in Aguisín 2. Tá an Duine Sainordaithe OOP freagrach as déileáil le cásanna ina mbíonn eolas, ina gcreidtear nó ina mbíonn drochamhras réasúnta go ndearnadh, nó go bhfuiltear ag déanamh díobháil do leanbh, nó go bhfuil baol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh sa todhchaí. Tá dualgas air tuairisciú éigeantach a dhéanamh chuig Tusla.

Ról an Aonaid Polasaí

Is é ról an Aonad Polasaí ná athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí seo ar bhonn tráthrialta agus uasdátú a dhéanamh ar an bPolasaí de réir athruithe reachtúla, nó leasuithe maidir le deachleachtas maraon le leasuithe a eascraíonn as aon ábhar feidhmithe eile.

Cuid 6: SCAIPEADH agus TAISPEÁINT

Beidh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar fáil mar a leanas:

- Eiseofar ríomhphost chuig gach ball foirne le Fógra Oifige ina mbeidh nasc chuig an suíomh ina bhfuil an Ráiteas ar inlíon OOP;
- Seolfar cóip chrua den Fhógra Oifige agus cóip chrua den Ráiteas chuig gach ball foirne de chuid OOP nach bhfuil rochtain acu ar an inlíon nó ríomhphost;
- Cuirfear ar fáil é don phobal ar phríomhshuíomh idirlín OOP agus ar shuíomhanna idirlín láithreán áitiúil OOP;
- Déanfar tagairt de ar shuíomh idirlín Oileán Oidhreacht agus i mbileoga eolais ábhartha, ar nós, Treoracha do Chonraitheoirí um Láithreáin OOP;
- Seolfar é, i measc cáipéisí eile, chuig oibrithe ar chonradh, a chuireann seirbhísí ar fáil ag láithreáin OOP ar a dtugann páistí cuairt;
- Tabharfar cóip do gach macléinn a thosóidh taithí oibre ag láithreáin OOP, agus dá dtuismitheoirí má tá siad faoi 18;
- Beidh sé ar taispeáint in áit fheiceálach ag gach láithreán OOP ina mbíonn *gníomhaíochtaí ábhartha* ar siúl. Cuirfear ar fáil é d'aon duine atá ag iarraidh é a léamh nó a chóipeáil, má iarrann siad é.

ROINN B: NÓSANNA IMEACHTA UM CHUMHDACH LEANAÍ

Cuid 7: CÓD IOMPAIR UM CHUMHDACH LEANAÍ SAN ÁIT OIBRE OOP

Chun cumhdach leanaí a chinntiú, éilítear caighdeáin áirithe iompair i dtaca le hoibrithe⁶ uile ag láithreáin OOP. Tá sé tábhachtach go gcloífi leis na caighdeáin seo san áit oibre chun leanaí a chosaint, ach chomh maith leis sin, chun na hoibrithe a chosaint in aghaidh aon líomhaintí gan bhunús no bréagacha. Tá Cód Iompair um Chumhdach Leanaí san Áit Oibre OOP leagtha amach sna 25 pointe thíos. Ba cheart tuairisc a thabhairt don Duine Sainordaithe má sháraíonn aon bhall foirne de chuid OOP nó aon soláthraí seirbhíse nach baill d'OOP iad an Cód Iompair seo. Beidh ar chumas an Duine Sainordaithe déileáil leis an ábhar mar is cuí.

⁶Tugtar sainmhíniú ar oibrithe in Aguisín 1.

1. Cloígh le gach gné den Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, a bhaineann leatsa.
2. Caith le gach leanbh le dínit, cáiréis agus meas.
3. Tabhair freagra ar ghearáin nó líomhaintí ar an toirt (féach Cuid 16), i gcónaí.
4. Cuir príomhchúramóirí ar an eolas maidir le haon ábhar a bhaineann lena gcuid leanaí.
5. Lean na nósanna imeachta a bhaineann le leanaí caillte/faighte (féach Cuid 13).
6. Má bhíonn pictiúir de leanaí le cur ar taispeáint, ní mór cead a lorg agus a fháil roimh ré ón bpríomhchúramóir (i) agus úsáid a bhaint as an bhfoirm in Aguisín 5.
7. Níor chóir pictiúir de leanaí a choimeád ach amháin ar chártaí cuimhne faoi úinéireacht nó a eisíonn OOP. Ní mór tógáil, coimeád, úsáid agus cuir de láimh na bpictiúr seo a láimhseáil de réir an dlí um Chosaint Sonraí. Chun eolas breise a fháil, féach [OfficeNotice24-2013](#) .
8. Bí ar d'airdeall i dtaca le cosaint leanaí nuair a bhíonn tú ag déileáil le leanaí agus bí ar d'aire maidir le rioscaí. Lean na nósanna imeachta i gCuid 16, má tá aon ábhar imní agat.
9. Má fheiceann tú cion ábhartha (féach Aguisín 1) in aghaidh linbh, cuir sin in iúl don Gharda Siochána ar an toirt agus cloígh leis na nósanna tuairiscithe i gCuid 16.
10. Ná bíodh aon bhaint agat le leanaí ach de réir mar a éilíonn dualgas do phoist.
11. Ná pioc amach aon leanbh ar leith choíche, agus fabhar a thaispeáint dó, nó é a cháineadh go mífhéaráilte, nó a bheith searbhasach leis, nó fonóid faoi nó aird a dhíriú air nuair nach bhfuil sin uaidh.
12. Bí tuisceanach sa mhéid agus go mbíonn riachtanais speisialta ag leanaí áirithe agus go mbíonn siad níos soghonta ná leanaí eile.

13. Ná fág leanaí ina n-aonar, nó gan mhaoirsiú nuair a bhíonn siad faoi do chúram.
14. Ná himir cluichí fisiciúla garbha, ina measc pleidhcíocht, le leanaí ag aon am.
15. Ná déan aon leanbh nó duine óg a smachtú ar bhealach fisiciúil, mura ndéantar an srianadh chun stop a chur le gortú fisiciúil tarlú don leanbh féin, nó do leanaí eile, cuairteoirí, baill foirne nó duit féin. Ní mór don srian fisiciúil a bheith cuí agus réasúnta i gcónaí: sin nó d'fhéadfaí cur i leith oibrí gur ionsaí a bhi i gceist leis an srian.
16. Ná déan nithe pearsanta don leanbh má tá ar a chumas iad a dhéanamh dó féin nó má tá ar chumas an phríomhchúramóra iad a dhéanamh dó.
17. Ná téigh isteach i gcubhachail leithris le leanaí mura bhfuil an príomhchúramóir nó maoirseoir í láthair, nó sa chás go dtugann siadsan cead duit; tabhair aird ar phríobháideacht leanaí i seomraí folctha nó seomraí feistis.
18. Chomh fada agus is féidir leat, ná caith am i d'aonar le leanbh atá as/aisti féin. Má tharlaíonn sé go mbíonn tú i d'aonar le leanbh, bog go dtí áit éigin ina mbeidh daoine eile ábalta tú a fheiceáil go soiléir. D'fhéadfá dul faoi raon radhairc cheamara theilifís chiorcaid iata (CCTV), má tá ceann gar duit, nó doras a fhágáil ar oscailt.
19. Le linn do chuid oibre, ná tabhair síob do leanaí i do charr choíche.
20. Cé go mbíonn teagmháil fhisiciúil tairbheach chun sólas a thabhairt do leanaí nó iad a chur ar a suaimhneas agus cúram a dhéanamh do leanaí atá trína chéile, níor chóir é a dhéanamh ach sa chás go bhfuil sé le feiceáil go poiblí.
21. Ná buail nó ná húsáid pionós corpartha i gcoinne leanaí choíche.
22. Ná nocht eolas pearsanta faoi leanbh ar bhealach ar bith, ach amháin chun forálacha dlí nó na nósanna imeachta sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo a chomhlíonadh.
23. I do chuid oibre, ná déan cumarsáid le leanaí trí theachtaireacht téacs, facebook nó trí aon mheán sóisialta eile. Bain úsáid as gairis OOP má bhíonn ort glao gutháin a dhéanamh nó a ghlacadh ó leanaí, mar pháirt de do chuid oibre.

24. Seachain do theanga i láthair leanaí agus ná tabhair íde béil d'aon leanbh.

25. Ná glac aon pháirt choíche i gcluichí atá gríosaitheach ó thaobh gnéis de, ná hiniis scéalta grinn gáirsiúla, ná habair aon rud le claontagairt ghnéis ann os comhair leanaí. Cuimhnigh gur mí-úsáid ghnéis a bhíonn i gceist má nochtaítear pornagrafaíocht do leanbh d'aon ghnó.

Ba cheart go mbeadh an fhoireann eolach ar rialacha OOP maidir le húsáid an idirlín/trealamh TE agus go gcloífidís leis na rialacha sin i gcónaí. Féach naisc thíos:

[ICT-Acceptable-Usage-Policy](#)

[Office-Notice-12-2013-Images](#)

[MobileDevicePolicyJuly2015](#)

Cuid 8: NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA, ROGHNÚCHÁIN agus CEAPACHÁIN

Ba cheart sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an ról ar leith, ag tús an phróisis earcaíochta d'oibrithe a chuireann *seirbhísí ábhartha* ar fáil. Ansin bheadh sé soiléir céard iad na cáliochtaí pearsanta agus scileanna iarrthóirí a mbeadh OOP ag súil leo, chun an post a líonadh.

Bionn ceapacháin sa Státseirbhís agus fostaíocht um Thionsclaíoch Stáit chun *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil faoi réir Imreiteach ón nGarda Síochána, i gcónaí.

Bíonn na forálacha a leanas i gceist maidir le hearcaíocht ina mbíonn soláthair *gníomhaíochtaí ábhartha* i gceist:

- Déanfar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil le daoine a cheaptar i bpoist ina mbíonn soláthair *gníomhaíochtaí ábhartha* i gceist. Déantar an tuairisc ghrinnfhiosrúcháin a scrúdú le fáil amach ar ciontaíodh an duine as cionta in aghaidh leanaí roimhe seo, nó as cionta a chruthódh drochamhras maidir le oiriúnacht an duine sin i dtaca le bheith ag obair go sábháilte le leanaí. Déanfaidh bainisteoir AD (HR) an duine a cheapadh mar sholáthraí *gníomhaíochtaí ábhartha* nuair a chuirfear measúnú um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcrích.
- Iarrfar ar gach fostaí nua an fhoirm dhearbhaithe (féach Aguisín 8) a shíniú ag deimhniú gur léigh siad Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP, agus go dtoilíonn siad cloí leis na forálacha agus nach bhfuil aon chúis go mbeidís mí-oiriúnach chun bheith ag obair le leanaí.

Má cheapann OOP fostaithe atá faoi 18 mbliana d'aois, ní mór don Oifigeach Pearsanra stádas an oibrí vis a vis fhorálacha um Thús Áite do Leanaí a chur in iúl do Cheannasaí an Aonaid Gnó ábhartha (breis eolais, Cuid 14a).

Cuid 9: NÓSANNA IMEACHTA I GCOMHAIR OILIÚINT FOIRNE

Ba cheart seisiúin eolais a chur ar fáil do lucht oibre iomlán OOP a luaithe agus a thiocfaidh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo i bhfeidhm.

Ba cheart go míneofaí na forálacha atá sa Ráiteas seo le linn chúrsaí oiliúna ionductúcháin inmheánach.

Iarrfar ar gach ball foirne dearbhú a shíniú (féach Aguisín 8) gur léigh siad an Ráiteas agus go gcloífidh siad leis na forálacha atá ann.

Beidh breis oiliúna i gceist i gcás baill foirne a bhfuil baint acu le *gníomhaíochtaí agus seirbhísí ábhartha* a chur ar fáil, de réir mar is gá chun a gcuid dualgas i leith cumhdach leanaí a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go n-aithneofaí na riachtanais seo trí phróiseas PMDS agus/nó a bheith mar chuid d'achomriú bliantúil. Cuirfear clár ríomhfhoghlama 90 nóiméad de chuid Tusla, Tús Áite do Leanaí ar fáil don fhoireann, mar is gá.

D'fhéadfadh bainisteoirí i réimsí ina gcuirtear *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil oiliúint bhreise a fháil maidir le hábhair áirithe um chumhdach leanaí a sainaithnítear trí phróisis PMDS.

Ba cheart go ndéanfaí plé agus malartú eolais, mar is gá, i dtaca le ceistanna um chumhdach leanaí le linn chomhdhálacha um Threoracha do Mhaoirseoirí agus chomhdhálacha d'fhoireann um Mhain Stairiúil Náisiúnta.

Ba cheart don Duine Ábhartha agus an Duine Sainordaithe breis foghlama agus oiliúna a lorg de réir mar is gá, chun a chur ar a chumas a ról a chomhlíonadh de réir na bhforálacha dlí ábhartha, ar nós na reachtaíochta a bhaineann le páistí agus reachtaíocht um Chosaint Sonraí maraon leis an reachtaíocht saothair.

Foilseofar bileoga gearra eolais dírithe ar phríomhghnéithe an Ráitis seo.

Cuid 10: SEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ A BHAINISTIÚ

Ba cheart go dtabharfadh maoirseoirí agus bainisteoirí atá bainteach le réimsí ina gcuirtear seirbhísí díreacha ar fáil do leanaí tacaíocht don fhoireann trí oiliúint, monatóireacht agus acmhainní a chur ar fáil dá gcuid oibre ionas go mbeidh ar a gcumas na polasaithe agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Ráiteas seo a chomhlíonadh.

Ba cheart forálacha an Ráitis um Chumhdach Leanaí seo a chur san áireamh nuair a bhítear ag ullmhú pleananna gnó straitéiseacha nó nuair a bhítear ag beartú *gníomhaíochtaí ábhartha* nua agus/nó breise.

Ní mór pleananna oibríochta agus clár oibre a scrúdú lena chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní, nósanna imeachta agus oiliúna ar fáil don fhoireann chun na *gníomhaíochtaí ábhartha* a sholáthar de réir fhorálacha an Ráitis seo.

Ba cheart aird a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil do leanaí le linn measúnaithe riosca. Ba chóir athbhreithniú, maraon le monatóireacht a dhéanamh ar bheartais mhaolaithe ar an mbonn sin.

Ba cheart aon ghearán nó aon drochamhras maidir le sárú toiliúil ar an gCód Iompair um Chumhdach Leanaí (féach Cuid 7) a phlé leis an Duine Sainordaithe. Ba cheart prionsabail an réamhchúraim a úsáid in aon chás ina mbíonn amhras faoi mhí-iompar. I gcásanna den tsórt sin, d'fhéadfaí breis maoirseachta agus monatóireachta a dhéanamh agus d'fhéadfadh bainisteoirí líne i gcomhar leis an Duine Sainordaithe gníomhú, mar is cuí chun leanbh nó leanaí a chosaint.

Cuid 11: CONARTHAÍ SOLÁTHRAITHE AG LÁITHREÁIN OIDHREACHTA A BHAINISTIÚ

Gach conradh

Má tá láithreán oscailte do chuairteoirí, ba chóir do gach conradh soláthair ag an láithreán sin clásal caighdeánach a bheith ann mar a leanas:

“tagann cuairteoirí, leanaí ina measc, chuig [ainm an láithreáin]. Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag OOP chun leanaí a chosaint ag an láithreán seo. Ní mór don soláthraí aird a bheith aige ar an Ráiteas seo agus cloí leis na forálacha atá ann le linn dó a bheith ar an láithreán seo. [nasc].”

Ba chóir an nasc, agus mar is cuí, cóip chrua nó bileoga achoimre a chur ar fáil do chonraitheoirí, iad a chur i dtreoirleabhar na gconraitheoirí agus in áiteanna eile chun a chinntiú go mbíonn oibrithe mar seo ar an eolas go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag OOP agus gur féidir leo teacht air go héasca.

Conarthaí i gcomhair Seirbhísí Ábhartha (i.e. do chuairteoirí)

Más conradh chun Seirbhísí Ábhartha a chur ar fáil atá i gceist, ba chóir go mbeadh clásal caighdeánach breise ann mar a leanas:

“Níl cead ag aon soláthraí seirbhísí gníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fáil do leanaí amháin mura ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil leo. Mura ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil leo, ní mór don soláthraí seirbhísí a chuid gníomhaíochta a chur ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí araon.”

Níl dualgas ar fhoireann OOP monatóireacht a dhéanamh ar cibé a gcomhlíonann na soláthraithe an clásal seo, ach ní mór dóibh a bheith ar a n-aire, mar is gnách, i dtaca le hábhar imní faoi iompar ar an láithreán ar leith.

Cuid 12: SEIRBHÍSÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL GO DÍREACH DO LEANAÍ

Is é an Cód Iompair um Chumhdach Leanaí mar atá leagtha amach i gCuid 7 thuas, an túsphointe d'fhoireann a bhíonn ag cur seirbhísí agus gníomhaíochtaí ábhartha ar fáil go díreach do leanaí. Chomh maith leo sin, tá roinnt riachtanas agus dualgas, ar leith, ar chóir a bheith i réim ag láithreáin OOP:

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóimheas cuí daoine fásta agus leanaí i gcás gach *gníomhaíocht ábhartha*. Is féidir le bainisteoir áitiúil OOP cinneadh a dhéanamh imeacht a chur ar ceal mura bhfuil dóthain daoine fásta ar fáil. Seo a leanas roinnt treoirleáinte maidir le cóimheas:
 - 1:10 i gcomhair leanaí faoi aois a 12.
 - 1:15 i gcomhair leanaí idir 12-17
 - 1:20 i gcomhair daoine óga 17 mbliana d'aois nó os a chionn.
- ✓ Ba cheart go mbeadh múinteoirí nó príomhchúramóirí in éineacht le grúpaí scoile ar thurais threoraithe.
- ✓ Ba chóir na foirmeacha slánaíochta agus toilithe a leanas a chomhlánú agus a choimeád i gcomhair gníomhaíochtaí gaolmhara:
 - Cead a thabhairt pictiúir a thógáil/úsáid. (Féach Aguisín 5)
 - Slánaíocht do thuismitheoirí/micléinn (Féach Aguisín 4)
- ✓ Ba chóir foirmeacha thuairiscithe eachtraí (féach sampla in Aguisín 6) a chomhlánú má dhéanann leanbh nó a phríomhchúramóir gearán maidir le hábhar um chumhdach leanaí. Ba cheart na foirmeacha seo a sheoladh ar aghaidh chuig an mbainisteoir líne, a chuirfidh ar aghaidh ansin iad chuig an Duine Sainordaithe.
- ✓ Ba cheart aon amhras faoi iompar, a síltear a sháraíonn an Cód Iompair um Chumhdach Leanaí, a chur in iúl don bhainisteoir líne agus don Duine Sainordaithe (féach Cuid 16).
- ✓ Ba cheart do bhall foirne cuidiú a lorg óna chomhghleacaí má bhíonn cuairteoir á iompar féin ar bhealach ina gcuirfí sábháilteacht linbh i mbaol.

Cuid 13: LEANAÍ CAILLTE/AR IARRAIDH

Má shíltear go bhfuil leanbh caillte nó fágtha ina aonar ar láithreán de chuid OOP, ba cheart d'fhoireann OOP gníomhú de réir na gcéimeanna a leanas:

- Cuir an leanbh ar a shuaimhneas agus déan iarracht an méid eolais agus is féidir a fháil faoin leanbh, mar shampla :
 - Ainm an Linbh;
 - Aois an Linbh;
 - Ainm na Scoile, mar is cuí;
 - Cuntas fisiciúil ar an Leanbh (Airde, dath gruaige, éadaí srl.);
 - An áit a bhfuarthas an leanbh.
- Má tá aon duine eile leis an leanbh, iarr air fanacht leat go n-aimseofar an príomhchúramóir. Má bhíonn tú i d'aonar leis an leanbh, téigh chuig láthair poiblí ina mbeidh tú le feiceáil agus le cloisteáil agus lorg cuidiú ó bhall foirne amháin eile ar a laghad, ar an toirt. Téigh chuig áit ina bhfuil Ciorcaid Teilifíse Iata (CCTV) ag feidhmiú.

- Déan gach iarracht an príomhchúramóir a aimsiú. Lorg cuidiú ó dhaoine eile san áit, nó úsáid raidió agus aon chóras fógartha poiblí atá ar fáil chun an príomhchúramóir a aimsiú.
- Mura dtagann aon duine chun an leanbh a bhailiú, iarr ar an maoirseoir nó an bainisteoir áitiúil dul i dteagmháil leis an na Gardaí Síochána gan mhoill. Mura bhfuil siad siúd ar fáil, déan teagmháil leis na Gardaí Síochána, tú féin.
- Déan taifead scríofa d'ainm an duine a fuair an leanbh cailte agus cuir tuairisc ar an eachtra (féach Aguisín 6) chuig an Dune Sainordaithe, le coimeád.

Nuair a Thuairiscítear go bhfuil Leanbh ar Iarraidh

Má thuairiscíonn duine éigin go bhfuil leanbh ar iarraidh, ní mór don fhoireann gníomhú go tapa – tá sé tábhachtach go ndéanfaí gníomh gan aon mhoill i gcás mar seo.

- Ba cheart don bhall foirne a fhaigheann an tuairisc iarracht an t-eolas seo a leanas a fháil:
 - Ainm an Linbh;
 - Aois an Linbh;
 - Cuntas fisiciúil ar an Leanbh (Airde, dath gruaige, éadaí srl.);
 - An áit a bhfacthas an Leanbh go deirneach;
 - An t-am a bhfacthas an Leanbh go deirneach.
- Ba cheart an fhoireann uile ar an láithreán a chur ar an eolas agus gach áit a chuardach, seomraí folctha, oifigí agus bealaí amach, san áireamh.
- Mura n-aimsítear an leanbh tar éis cuardach ceart a dhéanamh, ba cheart don mhaoirseoir nó an bainisteoir áitiúil teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí Síochána. Mura bhfuil siad siúd ar fáil, déan teagmháil leis na Gardaí Síochána, tú féin.
- Ba chóir don bhall foirne, a fuair an tuairisc faoin leanbh atá ar iarraidh, tuairisc faoin eachtra a thaifead. Ba cheart an tuairisc seo a sheoladh ar aghaidh chuid an Duine Sainordaithe lena choimeád.

Cuid 14: TAITHÍ OIBRE DO Mhicléinn NA hIDIRBHLIANA

D'ullmhaigh Aonad Foghlama agus Forbartha OOP nósanna imeachta maidir le Taithí Oibre gan Phá do Mhicléinn (féach Aguisín 7) do leanaí agus/nó daoine soghonta. Ní ghlacfaidh an Oifig le hiarratais ach amháin sa chás go mbíonn dóthain achmhainní acu chun riarachán agus maoirseacht mar is cuí a dhéanamh ar na micléinn. Ní mór na micléinn a thagann isteach ar thaithí oibre a bhainistiú ar bhonn seasta ar fud na heagraíochta uile, de réir fhorálacha um chumhdach leanaí agus ar bhealach a dhéanann leas gach duine a chosaint: an macléinn, an maoirseoir, an eagraíocht agus an pobal. Seo a leanas na rialacha:

1. Beidh gach macléinn Idirbhliana faoi mhaoirseacht dhíreach bhall foirne ainmnithe de chuid OOP.
2. Ní mór Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i ndáil le haon duine a dhéanann maoirseacht ar mhicléinn Idirbhliana, maraon le haon bhall foirne a riarann an próiseas socrúcháin Idirbhliana.
3. Caithfidh Ceannasaí an Aonaid Gnó, san aonad ar leith ina mbeidh an macléinn idirbhliana, cead a thabhairt sula dtosaíonn macléinn ar thaithí oibre san ionad sin.
4. Níl cead ag an bhfoireann leanaí a thabhairt isteach ar thaithí oibre in áitreabh OOP ach amháin faoi na coinníollacha agus socruithe atá leagtha amach ag an Aonad Foghlama agus Forbartha (féach Aguisín 7).
5. Níor cheart do mhicléinn Idirbhliana *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil do leanaí.
6. Ba cheart don fhoireann taifead tinrimh do na micléinn atá faoi mhaoirseacht a choimeád.
7. Ba cheart na nósanna imeachta atá leagtha amach in Aguisín 7 a leanacht i ngach cás.

Cuid 14a: LEANAÍ AG OBAIR IN OOP

I gcásanna go mbeadh OOP ag fostú leanaí, m.sh. mar oifigigh chléireachais sealadach nó printísigh, rud nach dtarlaíonn de ghnáth, ba cheart do Cheannasaí an Aonaid Gnó atá i gceist plean bainistíochta ar leith a cheadú, ag léiriú scóip na hoiliúna, maoirseachta agus an tasc a bheadh feiliúnach don duine óg ar leith. Ba cheart go dtabharfaí aird sa phlean bainistíochta ar na nósanna imeachta atá leagtha amach i Roinn B den Ráiteas seo.

Cuid 15: NÓSANNA IMEACHTA UM GHRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Cé nach é príomhghnó OOP freastail ar leanaí, tairgeann OOP réimse gníomhaíochtaí atá leanbhárnach, agus mar sin is eagraíocht ábhartha muid faoin Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012. Forálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, maraon leis an reachtaíocht saothair, dualgas maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil le baill foirne áirithe. Déantar an grinnfhiosrúchán ar mhaithe le cosaint leanaí de réir fhorálacha Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012. De bharr go bhfuil OOP cláraithe leis an mBiúró Náisiúnta grinnfhiosrúcháin, tá cead ag OOP iarratas a dhéanamh ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil le gach fostaí nua, agus tá dualgas orthu freisin grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i ndáil le haon bhall foirne a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha*⁷ ar fáil do leanaí. Tá scóip chleachtas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de chuid OOP leagtha amach mar a leanas:

⁷ Sainmhínítear *gníomhaíochtaí ábhartha* san Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 (féach na sainmhínithe in Aguisín 1).

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána OOP– Foireann agus Oibrithe ar Chonarthaí Seirbhíse

Déanfar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i leith na ngrúpaí oibrithe OOP seo a leanas ar mhaithe le cosaint leanaí:

- Gach ball foirne a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil do leanaí go díreach, viz:
 - Gach Treoraí, Príomhthreoraithe, agus Maoirseoirí na dTreoraithe;
 - Gach ball foirne a dhéanann maoirseacht ar dhaltaí Idirbhliana agus ar aon leanaí nó daoine soghonta eile ar thaithí oibre;
 - Aon bhall foirne a dtugtar tasc leanbhlanach dó/dí.
- Gach oifigeach idirchaidrimh a riarann nósanna imeachta Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána;
- Gach ball foirne a riarann próiseas lena nglactar isteach oibrithe Idirbhliana ar thaithí oibre;
- An Duine Ábhartha agus an Duine Sainordaithe a ainmnítear faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo.

Déanfar grinnfhiosrúchán in athuair ar na grúpaí seo go rialta mar atá leagtha síos in alt 20 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Tá breis eolais faoi phróiseas Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, eolas maidir le cosaint sonraí agus coimeád taifead, diothú ciontaithe spíonta, ról oifigeach idirchaidrimh OOP agus na srianta atá ar OOP maidir le cé hiad na grúpaí ar féidir grinnfhiosrúchán a éileamh ina leith agus an chaoi ar féidir an t-eolas a úsáid, leagtha amach in Aguisín 3.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – Foireann nach de chuid OOP iad

De ghnáth, ní shocraíonn OOP go ndéanfaí grinnfhiosrúchán i gcás daoine a oibríonn linn ar bhonn conartha seirbhíse nó mar oibrithe deonacha ar thograí príobháideacha nó pobail. Mar sin, nuair a bhítear ag déileáil le daoine den tsórt sin ar mian leo seirbhís ábhartha a chur ar fáil, ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanacht:

- Má tá an t-oibrí/oibrí deonach bainteach le heagraíocht atá cláraithe leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, ba cheart d'OOP iarraidh ar bhord rialaithe na heagraíochta sin Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ina chás siúd, sula gceadaítear dó *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil ar láithreáin OOP. Ba cheart d'fhoireann OOP a chinntiú go mbeadh an coinníoll seo sonraithe i ngach iarraidh ar Thairiscint, conarthaí agus/nó meabhrán tuisceana, litreacha comhaontaithe srl.
- Mura bhfuil an soláthraí seirbhíse/oibrí deonach bainteach le heagraíocht atá cláraithe leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, ansin ní thig leo dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána as a stuaim féin.

Dá bhrí sin, níor chóir d'fhoireann OOP ligean d'oibrí conartha nó oibrí deonach den tsórt sin *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil do leanaí ar ár láithreáin choíche. Is féidir le daoine den tsórt seo seirbhísí a chur ar fáil don phobal, fiú má bhíonn leanaí ina measc, ach níor cheart cead oifigiúil a thabhairt dóibh seirbhísí a chur ar fáil do pháistí amháin. Ní féidir le OOP cead a thabhairt d'aon duine *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil mura bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta agus imréiteach déanta i ndáil leis/léi.

- Ba chóir go mbeadh sé sonraithe i ngach Conradh do sholáthraithe seirbhísí ar dócha go mbeidh teagmháil acu le leanaí ar láithreáin OOP, gur chóir do na hoibrithe ar Conradh a bheith ar an eolas faoi na forálacha den Ráiteas um Chumhdach leanaí a bhaineann leo féin.

Cuid 16: RIACHTANAIS UM THUAIRISCIÚ

I dtús báire, ba cheart go mbeadh gach ball foirne ar an eolas faoin bhforáil seo a leanas in Alt 2.1 den Acht um Cheartas Coiriúil (*Faisnéis Faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar*) 2012:

“Beidh duine ciontach i gcion más rud é (a) gurb eol dó nó di nó go gcreideann sé nó sí cion, is cion de chuid Sceideal 1, a bheith déanta ag duine eile in aghaidh linbh, agus (b) go mbeidh faisnéis aige nó aici ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnamh ábhartha maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú an duine eile sin mar gheall ar an gcion sin a áirithiú agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.”.

Tá na cionta tromchúiseacha i Sceideal 1 an Achta seo leagtha amach in Aguisín 1, agus tá sé de dhualgas ar fhoireann OOP – gach saoránach, go deimhin – teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí Síochána, ar an toirt, má tá fhios acu nó má chreideann siad go ndearnadh díobháil den chineál seo do leanbh.

Is iad na cionta siúd i Sceideal 1, na cinn is tromchúisí ⁸, ach ní mór d’fhoireann OOP gníomhú má bhíonn aon ábhar imní eile acu chomh maith. Cuireann Treoir um Thús Áite do Leanaí⁹ in iúl go bhfuil dualgas ar gach duine gníomhú go cáiréiseach ach go freagrach agus forálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 na dualgais reachtúla maidir le tuairisciú éigeantach chuig Tusla má tá eolas ag duine nó má chreideann sé nó má tá amhras air go ndearnadh, nó go bhfuiltear ag déanamh díobháil do leanbh nó go bhfuil baol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh.

Seo a leanas tábla de na gníomhartha ba cheart a dhéanamh i gcásanna éagsúla:

Cás	Gníomh
-----	--------

⁸ Sceideal 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (*Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar*) 2012. Féach Aguisín 1.

⁹ Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017

Amhras gur sáraíodh an Cód Iompair um Chumhdach Leanaí.	• Pléigh an drochamhras leis an mbainisteoir líne. • Déan monatóireacht ar an gcás. • Déanfaidh an bainisteoir líne maoirseacht níos géire, más gá. • Cuirfidh an bainisteoir líne athoiliúint nó cuirfidh sé i gcuimhne don duine ar leith nó don fhoireann forálacha an chóid um Chumhdach Leanaí. • Pléifidh an bainisteoir líne céard ba cheart a dhéanamh, i ndáil leis an duine atá faoi amhras, leis an Duine Sainordaithe. • Tabharfaidh an Duine Sainordaithe comhairle agus ordaithe maidir le céard a dhéanfar i ndáil leis an duine faoi amhras. • Déanfaidh an Duine Sainordaithe cinneadh ar cheart tuairisc a chur faoi bhráid Tusla.
Líomhain gur sáraíodh go toiliúil an Cód Iompair um Chumhdach Leanaí	• Más ball foirne de chuid OOP atá ag déanamh na líomhna, ba chóir dó tuairisc faoin eachtra a sheoladh ar aghaidh chuig an Duine Sainordaithe trína bhainisteoir líne. • Más gearánaí seachtrach atá i gceist, ba cheart don oibrí OOP a fhaigheann an gearán sonraí a fháil ón gcúiseoir agus ansin tuairisc faoin eachtra a chomhlánú agus é a sheoladh ar aghaidh chuig an Duine Sainordaithe trína bhainisteoir líne. • Rachaidh an Duine Sainordaithe i mbun plé leis an bpáirtí a rinne an líomhain agus an duine a bhfuil an líomhain curtha ina leith. • Déanfaidh an Duine Sainordaithe moladh maidir le céard ba chóir a dhéanamh i dtaca leis an duine a bhfuil líomhain curtha ina leith. • Déanfaidh an Duine Sainordaithe cinneadh ar cheart tuairisc a chur chuig Tusla.
Nochtadh ó leanbh i ndáil le díobháil líomhnaithe i gcoinne ball foirne de chuid OOP nó conraitheoir	• Cuir an Duine Sainordaithe ar an eolas ar an toirt. • Tabharfaidh an Duine Sainordaithe comhairle agus ordaithe maidir le céard a dhéanfar i ndáil leis an duine a bhfuil an líomhain curtha ina leith. • Cuirfidh an Duine Sainordaithe tuairisc faoi bhráid Tusla. • Cuirfidh an Duine Sainordaithe an líomhain in iúl don phríomhchúramóir agus/nó scoil, mar is cuí.
Nochtadh ó thríú páirtí i ndáil le díobháil líomhnaithe do leanbh i gcoinne ball foirne de chuid OOP nó conraitheoir.	• Cuir an Duine Sainordaithe ar an eolas ar an toirt. • Tabharfaidh an Duine Sainordaithe comhairle agus ordaithe maidir le céard a dhéanfar i ndáil leis an duine faoi amhras. • Déanfaidh an Duine Sainordaithe cinneadh ar cheart tuairisc a chur faoi bhráid Tusla. • Cuirfidh an Duine Sainordaithe an líomhain in iúl don phríomhchúramóir agus/nó scoil, mar is cuí.
Nochtadh ó leanbh maidir le díobháil líomhnaithe i gcoinne duine seachtrach	• Cuir an Duine Sainordaithe ar an eolas. • Cuirfidh an Duine Sainordaithe an nochtadh eolais in iúl don phríomhchúramóir agus/nó scoil, mar is cuí.
Forais réasúnta ag duine fásta a chreideann go bhfuil oibrí ag láithreán OOP ina	• Pléigh an t-ábhar imní leis an Duine Sainordaithe. • Déanfaidh an Duine Sainordaithe

riosca do leanaí go ginearálta	cinneadh ar cheart tuairisc neamhéigeantach a chur faoi bhráid Tusla.
---------------------------------------	---

Eolas nó creidiúint go ndearnadh cion faoi Sceideal 1.	• Cuir in iúl do bhall den Gharda Síochána gan aon mhoill. • Tuairisc faoin eachtra a chomhlánú (féach Aguisín 6) agus seol ar aghaidh é chuig an mbainisteoir líne agus an Duine Sainordaithe.
---	--

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil prionsabail rúndachta i gceist, agus mar sin níor cheart go n-inseofaí d'aon duine eile seachas dóibh siúd ar bhonn riachtanais amháin faoin amhras nó an líomhain nó an nochtadh mí-úsáide. Cloífeadh le prionsabail an cheartais aiceanta má choinnítear an líon daoine a chuirtear ar an eolas i gcásanna mar seo chomh híseal agus is féidir. Faoin bprionsabail seo, tá ceart ag an duine maidir lena dheachlú agus glactar leis go bhfuil duine neamhchiontach go dtí go gcruthófar a mhalairt. Mar sin féin, déanann na Treoracha um Thús Áite do Leanaí soiléir go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus leas an linbh thar imní i leith daoine fásta ina ndéantar líomhaintí ina gcoinne.

Faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo cuirtear dualgas oifigiúil ar an Duine Sainordaithe a bhreithiúnas féin a úsáid cibé ar gá tuairisc neamhéigeantach a thabhairt do Tusla i gcásanna áirithe. Áfach, is féidir le haon bhall foirne, mar shaoránach, tuairisc neamhéigeantach dá chuid féin a dhéanamh, i gcásanna áirithe. Tá breis eolais maidir le tuairisciú neamhéigeantach le fáil ar shuíomh idirlín Tusla ag an nasc thíos.

<http://www.tusla.ie/children-first/general-public>





AGUISÍNÍ

Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP 2018

Clár

Aguisín 1: Sainmhínithe.....	2
Aguisín 2: Ról an Duine Ábhartha, Duine Sainordaithe & Bainisteoirí Sinsearacha.....	3
Aguisín 3: Nósanna Imeachta Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.....	5
Aguisín 4: Samplaí d'Fhoirmeacha Slánaíochta & Toilithe.....	8
Aguisín 5: Foirm Thoilithe maidir le hÍomhánna a fhoilsiú sna Meáin.....	13
Aguisín 6: Foirm Thuairiscithe Eachtra.....	14
Aguisín 7: Taithí oibre gan íocaíocht do mhicléinn faoi 18 mbliana agus daoine fásta soghonta.....	16
Aguisín 8: Foirmeacha Dearbhaithe don fhoireann agus soláthraithe agus oibrithe deonacha áirithe.....	21

Aguisín 1: – Sainmhínithe

Is ionann **“Díobháil”** mar a bhaineann sé le leanaí agus – (a) ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach a dhéanann difear tromchúiseach nó ar dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) drochúsáid ghnéis a dhéanamh ar an leanbh, cé acu ar gníomh aonair, easnamh nó cúinse nó sraith nó meascán de ghníomhartha, easnaimh nó cúinsí, nó eile (An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, Alt 2).

Is ionann **“Gníomhaíochtaí Ábhartha”** i ndáil le leanaí agus “Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb éard gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha a sholáthar (cibé acu is ar chomaoin tráchtála nó ar chomaoin eile nó nach ea) do leanaí mura rud é nach bhfuil aon bhaint theagmhasach ag an soláthar gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha le dhaoine nach leanaí iad”. (An tAcht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, Sceideal 1).

Is ionann **“Cion Ábhartha”** i ndáil le leanaí agus dúnmharú, dúnorgain, príosúnú neamhdhleathach, éigniú, ionsaí gnéasach, ciorrú coil, truailliú linbh, cead a thabhairt leanbh a úsáid le haghaidh pornagrafaíochta, leanaí a chur i mbaol go meargánta, ionsaí ina ndéantar díobháil, cion gnéasach ar leanbh a chur faoi ndeara nó a spreagadh, bagairtí leanbh a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó, fuadach linbh, drochíde do leanaí (ie ionsaí, tréigean srl) ciorrú ball giniúna baineann. (Chun breis eolais a fháil, féach Sceideal 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in agaidh Leanaí a Choimeád Siar) 2012).

Is ionann **“leanbh”** agus aon duine atá faoi bhun 18 mblana d’aois seachas duine atá nó a bhí pósta (An tAcht um Chúram Leanaí 1991, Alt 2).

Is ionann **“Foireann iomlán/Gach Oibrí”** agus:

- Foireann atá fostaithe ag OOP go buan, ar théarma seasta, ar chonarthaí ócáideacha nó sealadacha.
- Foireann atá fostaithe ag conraitheoirí trí shocruithe conradh nó gníomhaireachta, agus a chuireann seirbhísí ar fáil d’OOP;
- Oibrithe féinfhostaithe nó saorfhostaithe a oibríonn ag láithreáin OOP;
- Oibrithe aonair a chuireann seirbhísí ar fáil d’OOP trí shocrú comhpháirtíochta;
- Oibrithe deonacha.

Aguisín 2:

Róil an Duine Ábhartha, an Duine Sainordaithe & Bainisteoirí Sinsearacha

1 Is é rol an Duine Ábhartha ná:

- Gníomhú mar an chéad teagmhálaí maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP;
- Bheith eolach ar ábhar a bhaineann le cosaint leanaí go ginearálta maraon leis an reachtaíocht, teoracha neamhreachtúla agus an t-ábhar a sonraítear sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo;
- Freagracht a ghlacadh as feidhmiú an Ráitis seo i measc na n-oibrithe go léir;
- Comhairle agus eolas a thabhairt faoi ábhair a bhaineann le cosaint leanaí laistigh d'OOP;
- Glacadh le tuairiscí ó Bhainisteoirí Sinsearacha maidir le hábhar a thagann chun cinn le linn fheidhmiú an Ráitis, agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta maidir leis an mbealach a bhfuil sé ag feidhmiú.
- Comhairle a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir le riachtanais oiliúna um Chumhdach Leanaí san Oifig.

Is í an Duine Ábhartha, faoi láthair in OOP ná:

Edel Hennessey, Príomhoifigeach Cúnta, an tAonad Polasaí. Edel.hennessey@opw.ie 046 9426198 087 2839888
--

2 Is é ról an Duine Sainordaithe ná:

- Glacadh le hábhar imní, gearáin agus líomhaintí i dtaca le díobháil nó amhras faoi dhíobháil do leanaí ag láithreáin OOP, agus gníomhú de réir an dlí agus de réir an Ráitis seo;
- Comhairle agus eolas a thabhairt faoi ábhair a bhaineann le cosaint leanaí laistigh d'OOP;
- Cinntiú go gcloítear le nósanna imeacht um chumhdach leanaí OOP;
- Dul i mbun idirchaidimh leis na Gardaí Síochána, mar is cuí;
- Tuairiscí éigeantacha agus neamhéigeantacha a chur faoi bhráid Tusla, má tharlaíonn eachtraí nó má thagann aon ábhar imní chun cinn, mar atá leagtha amach i gCuid 15; Cuntas a scríobh maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann le cinneadh gan tuairisc a dhéanamh ar eachtra.
- Daoine ábhartha laistigh den eagraíocht a choinneáil ar an eolas maidir le ceisteanna ábhartha, ach cinntiú cloí leis an rúndacht, mar is cuí, in aon chás ar leith;

Aguisín 2 ar lean

- Cinntiú go gcoinnítear taifead aon chás maidir le haon ábhar imní, líomhain nó nochtadh eolais a fuarthas, maraon le haon ghníomh a rinneadh agus an toradh a bhí air;
- Cinntiú go gcoinnítear taifid na gcásanna faoi rún agus i stóras sábháilte.

Is iad seo a leanas na Daoine Ábhartha in OOP:

Ainm & Ról	Réimse Freagrachta	Sonraí Teagmhála
Fiona Morgan, Oifigeach Pearsanra	Ábhair a bhaineann le hobair Státseirbhíseach Bunaithe	Fiona.morgan@opw.ie Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Teil: 046 942 6492 Fón Póca: 087 337 2033
Elaine Dalton Ionadaí do Fiona Morgan	Ábhair a bhaineann le hobair Státseirbhíseach Bunaithe	Elaine.dalton@opw.ie Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Teil: 046 942 6399
Peter Duffy Oifigeach Pearsanra	Ábhair a bhaineann leis an bhFoireann Oibríochta	Peter.duffy@opw.ie Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí Teil: 046 942 6850 Fón Póca: 086 344 6975
Jacinta Lynch Ionadaí do Peter Duffy	Ábhair a bhaineann leis an bhFoireann Oibríochta	Jacinta.lynch@opw.ie Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí Teil: 046 942 6564

3 Is é ról na mBainisteoirí Sinsearachta maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ná:

- Na nósanna imeachta cuí faoin Ráiteas seo a chur i bhfeidhm;
- Sonraí na foirne a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil a thabhairt d'Oifigeach Idirchaidrimh um Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (féach Aguisín 3);
- Meaúnuithe riosca a dhéanamh in áiteanna ina bhfuil cúinsí áirithe a bhféadfadh go mbeadh rioscaí breise i gceist leo, sa bhreis orthu siúd atá leagtha amach i gCuid 4 den Ráiteas seo;
- Beartais a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí breise a aithnítear;
- Tuairisc a thabhairt don Duine Ábhartha i dtaca le feidhmiú an Ráitis seo.
- Cinntiú go sonraítear go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus imréiteach riachtanach i ndáil le gach Conradh a bhaineann le soláthraí *gníomhaíochtaí ábhartha*.

Aguisín 3: – Nósanna Imeachta Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

Faoi fhorálacha Alt 12(1)(A) den Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 (“an tAcht Grinnfhiosrúcháin”), tá sé de dhualgas ar OOP a chinntiú go ndearnadh grinnfhiosrúchán i ndáil le haon fhostaí, fostaí ar chonradh nó aon fhostaí a gceadaítear dóibh *gníomhartha ábhartha*¹ a chur ar fáil do leanaí. Níort cheart go gceadódh an Oifig do dhaoine nach fostaithe iad *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil mura bhfuil an Oifig sásta go ndearna a máthaireagraíocht Grinnfhiosrúchán i ndáil leo agus gur cinneadh go raibh siad feilúnach don obair ábhartha.

Cé hiad na daoine in OOP ar féidir Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i ndáil leo?

- Gach státseirbhíseach nua sula dtosaíonn siad ina gcéad phost, agus baill áirithe den fhoireann oibríochta a oibríonn in áitreabh ardshlándála – de ghnáth, tugtar imréiteach Garda ar an gcineál seo grinnfhiosrúcháin;
- Gach ball foirne a chuireann *gníomhaíochtaí ábhartha* ar fáil mar a shainmhínítear san Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, de réir an Acht Grinnfhiosrúcháin agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Tá liosta de na catagóirí oibrithe de chuid OOP ar chóir Grinnfhiosrúchán na nGardaí a dhéanamh i ndáil leo, ar mhaithe le cosaint leanaí, leagtha síos i gCuid 15 de Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Cé chomh minic agus a dhéanfar ath-ghrinnfhiosrúchán, ar mhaithe le cosaint leanaí?

Déanfar ath-ghrinnfhiosrúchán go tráthrialta mar a ordóidh an tAire faoi Alt 20 den Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012.

Cé a riarann Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána d'OOP?

Ainmnítear oifigeach idirchaidrimh faoin acht. Cláraítear an duine seo agus déanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán i ndáil leis/léi. Is í Jacinta Lynch atá ceaptha sa ról seo faoi láthair. Ríomhpost: Jacinta.lynch@opw.ie, teil: 046 942 6564.

Cén chaoi a n-oibríonn an próiseas?

Tá sé de dhualgas ar na bainisteoirí i réimse na Seirbhísí do Chuaireoirí, Maoín Náisiúnta Stairiúil agus an tAonad Foghlama agus Forbartha liosta dá bhfoireann oibre, a sholáthraíonn *gníomhaíochtaí ábhartha*, a chur ar fáil don oifigeach idirchaidrimh.

D'fhéadfaí Foirmeacha Grinnfhiosrúcháin a chur ar fáil do gach ball foirne ábhartha, agus iad a eisiúint arís i gcomhair ath-ghrinnfhiosrúcháin ag tráthanna mar a ordaítear. Tá próiseas um fhíorú aitheantais ar fáil agus seoltar cuireadh leictreonach ag baill foirne nuair a bhítear i mbun ríomh-ghrinnfhiosrúcháin.

Coimeádann an t-oifigeach idirchaidrimh taifead rúnda chun cuntas a choinneáil ar riarachán Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána in OOP. Bíonn ainmneacha na mball ar iarradh orthu Foirmeacha Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú sa taifead maraon leis na céimeanna den phróiseas atá curtha i gcrích.

¹ Féach sainmhíniú in Aguisín 1

Aguisín 3 ar lean.

Ó 2016, is ar bhonn leictreonach a fhaightear tuairiscí ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, agus bíonn ar chumas an oifigigh Idirchaidrimh féachaint orthu ar feadh tréimhse 30 lá sula gcuirtear as amharc iad. I gcás go nochtáítear ábhar a chuirfeadh isteach ar chinntí an Duine Ábhartha maidir le fostaíocht nó imlonnú, choimeádfaí an tuairisc nochtaithe sin le taifid phearsanta an fhostaí.

Cén fhad a thógann Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána?

Freagraítear 80% d'iarratais ar ghrinnfhiosrúchán laistigh de 5 lá.

Cad a tharlóidh má dhiúltaíonn baill foirne nó iarratasóir ar phost comhoibriú le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána?

Má dhiúltaíonn oibre ábhartha (féach Cuid 15 den Ráiteas um Chumhdach Leanaí) cead a thabhairt i gcomhair grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, ba cheart bac a chur orthu gníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fáil do leanaí agus d'fhéadfaí imeachtaí smachta a thabhairt ina gcoinne.

Tá fostú duine i gcomhair gníomhaíochtaí ábhartha a sholáthar faoi réir Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Céard a thaispeánann Tuairisc Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána?

- Gach ciontú sa chúirt, ach amháin “ciontuithe spíonta” de réir Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2016.
- Maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar mhaithe le cosaint leanaí, taispeánfaidh an tuairisc “eolas sonraithe”, i.e. eolas seachas ciontú coiriúil sa chúirt, mar shampla, conclúidí imscrúduithe a rinne Tusla nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, inar léiríodh ábhar imní bona fida go bhfuil duine ar leith ina bhgairt do leanaí.

Céard iad “Ciontuithe Spíonta”?

1. Gach ciontú a bhaineann le cionta mótarthrachta sa Chúirt Dúiche a tharla breis is 7 mbliana roimhe sin, ar an gcoinníoll gur aon chiontú amháin a bhí i gceist i gcás tiomáint chontúirteach.
2. Gach ciontú sa Chúirt Dúiche a bhaineann le mionchionta an oird phoiblí a tharla breis is 7 mbliana roimhe sin.
3. Maraon leis sin, más aon chiontú amháin atá i gceist (seachas cion mótarthrachta nó cion a bhaineann leis an ord poiblí) agus ar cuireadh pianbhreith phríosúnachta níos giorra ná 12 mí (nó fíneáil) ar dhuine, beidh an ciontú sin spíonta tar éis 7 mbliana. Baineann an fhoráil seo leis an gCúirt Dúiche nó an Chúirt Chuarda.

Ní gá do bhaill foirne OOP aon chiontú atá spíonta a admháil ar an bhfoirm ghrinnfhiosrúcháin, agus ní nochtfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin iad d'OOP.

Aguisín 3 ar lean

Cén úsáid a bhainfidh OOP as eolas a fhaigheann siad ó thuairisc Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána?

Tá a lán srianta ar an oifig maidir le húsáid eolais faoi chiontuithe. Mar shampla, má dhéantar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil le ball foirne ar mhaithe le cosaint leanaí, ní thig leis an Oifig an t-eolas seo a úsáid ach amháin le rialú ar chóir an ball foirne sin a imlonnú chun gníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fáil do leanaí. Ní féidir an t-eolas a úsáid in aon chás eile.

Cé a fheiceann tuairiscí grinnfhiosrúcháin?

1. An duine idirchaidrimh ainmnithe in OOP (Jacinta Lynch, faoi láthair).
2. An Duine Sainordaithe a ceapadh de réir Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP.

Cé a shocraíonn nach bhfuil duine oiriúnach d'fhostaíocht nó *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil?

Na hOifigh Pearsanra, ina bpríomhról agus/nó ina gcáilíocht mar Dhuine Sainordaithe faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí, de réir mar a oireann.

Cá gcoinnítear tuairiscí grinnfhiosrúcháin OOP?

I gcás go mbeadh tionchar ag an eolas a nochtar ar chinneadh maidir le duine a fhostú chun *gníomhaíochtaí ábhartha* a chur ar fáil, coinneofar an tuairisc i gcomhad pearsanra an bhaill foirne. Seachas sin, ní choinnítear na tuairiscí.

Cén fhad a choinníonn OOP na tuairiscí?

I gcás go ndéantar eolas ábhartha a nochtadh, coinneofar na tuairiscí an fhad céanna le taifid phearsanra an bhaill foirne.

Cén chaoi a bhfaightear réidh le tuairiscí grinnfhiosrúcháin?

Stialladh na tuairiscí roimh 2016. I ndiaidh 2016, ligeadh do na tuairiscí dul as feidhm ar thaifead leictreonach an Bhiúró, tar éis 30 lá. Coinnítear eolas maidir le grinnfhiosrúchán atá i mbunachar sonraí an oifigigh idirchaidrimh an fhad agus a bhíonn an t-oibrí fostaithe san eagraíocht.

Aguisín 4 – Samplaí d’Fhoirmeacha toilithe agus slánaíochta

Sampla 1: Duillín Toilithe do Leanbh chun freastal ar Champa Samhraidh ag Caisleán Bhaile an Ásaigh



Duillín Toilithe Iúil 2018

Tá sé riachtanach an duillín seo a thaispeáint sula nglacann tú páirt san imeacht. Comhlánaigh é le do thoil agus seol é chuig an seoladh thíos, nó tabhair leat é ar lá an imeachta.

Am: 10.00r.n. - 3.15i.n.

Dátaí (Cuir ciorcal ar an dáta cuí): 3^ú 5^ú 10^ú 12^ú 17^ú 19^ú 24^ú 26^ú

Ainm an Duine Óig: _____

Ainm an Tuismitheora/an Chaomhnóra: _____

Seoladh: _____

Sonraí teagmhála i gcás éigeandála, Ainm: _____

Uimh. Fhón Póca: _____ **Ríomhphost:** _____

Eolas ábhartha eile (Luaigh aon fhadhbanna sláinte, riachtanais speisialta nó riachtanais maidir le bia):

Cead

Tugaimse _____ (tuismitheoir/caomhnóir) cead don duine óg atá ainmnithe thuas freastal ar Champa Samhraidh OOP, éicea-EOECNA (UNESCO). Tuigim go mbeidh na rannpháirtithe ag siúl timpeall thailte Chaisleán an Ásaigh. Tuigim go bhféadfaí pictiúir a thógáil de na rannpháirtithe nó scannán a dhéanamh díobh lena chraoladh ag OOP, Eco-UNESCO nó RTÉ.

Aguisín 4 ar lean

Sampla 2: Toiliú & Coinníollacha um Ócáid Sheanchais do Theaghlaigh ag Séadchomhartha Náisiúnta



Maidir le: Ócáid Sheanchais do theaghlaigh ag Túr Raghnaill 2017 ón 18^ú Samhain – 19^ú Samhain, 24^ú, 25^ú & 26^ú Nov, 1, 2^{ra} & 3^ú Dec, 8^ú, 9^ú & 10^ú Nollaig, 15 -23^ú Nollaig 2017 - (Aoine, Satharn agus Domhnach ar a 12.00, 2.00i.n. agus 4.00i.n.)

A [ainm], a chara,

Déanaim tagairt don iarratas thuas agus tá áthas orm a chur in iúl duit go bhfuil cead tugtha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- 1) Tá an tAire Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta, a seirbhísigh agus a gníomhairí, Coimisineirí na nOibreacha Poiblí, a gcuid seirbhísigh agus gníomhairí, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Stát slánaithe i gcoinne aon chaingean, agra dlí, éilimh, imeachtaí, costais nó speansais i leith aon chaillteanas, timpiste nó damáiste d’aon chineál d’aon duine ná maoín ag éirí as an gceadú seo. **Caithfear fianaise d’Árachas Dliteanais Phoiblí de shuim €6m a sheoladh chuig an duine a bhfuil a ainm thíos, roimh an ócáid. Faighte, buíochas.**
- 2) Ní mór duit cloí le Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP 2018 agus a chinntiú go bhfuil gach seanchaí agus oibrí deonach ar an eolas faoi na forálacha, cuid 5,7 agus 14, go háirithe. Tabhair d’aire nach bhfuil cead ag seanchaí ná oibrí deonach gníomhaíochtaí do leanaí amháin, a chur ar fáil, mura ndearnadh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil leo. Is féidir leo, áfach, gníomhaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ginearálta a bhfuil leanaí ina measc.
- 3) Iarrtar ort cloí leis an uasmhéid cuairteoirí mar a comhaontaíodh leis an bhFoireann Treoraithe ag Túr Raghnaill.
- 4) Ní mór maoirseacht chuí a chur ar fáil ag an ócáid seo. Ba chóir ainmneacha na n-oibrithe deonacha agus na seanchaithe a thabhairt agus a chomhaontú roimh ré le [ainm]. Ba cheart go mbeadh beirt oibrithe deonacha agus seanchaí amháin ag gach seisiún. Reáchtálfar gach seisiún ar bhonn freastal ar an té is túisce a thagann. Cuirfear aon fhadhbanna maidir le haon ghné den phróiseas Maoirseachta faoi bhráid an choiste eagraithe.

- 5) Is tusa atá freagrach as an suíomh a fhágáil, glan, néata tar éis na hócáide.
- 6) Is tusa a bheidh freagrach as cúiteamh a íoc as aon damáiste don láithreán de bharr na hócáide seo.
- 7) Ní cheadaítear aon ní a fheistiú/a chur suas ar aon bhalla nó dromchla talún ar an láithreán.
- 8) Ní cheadaítear aon chur isteach ar chreatlach/struchtúr an tSéadchomhartha Náisiúnta. Má aimsítear aon sárú mar seo, gearrfar pionós agus d'fhéadfaí imeachtaí cúirte a thionscnamh.
- 9) Le do thoil, déan cinnte go gcuirfear gach rannpháirtí ar an eolas faoi shonraí na Litreach Toilithe seo.
- 10) Ní mór cloí le treoracha fhoireann an tSéadchomhartha Náisiúnta nó a gcuid ionadaithe údaraithe an t-am ar fad. Téigh i dteagmháil le [Ainm agus uimhir] roimh an ócáid chun socruithe srl a dhéanamh.

Má thoilíonn tú cloí leis na coinníollacha thuas, sínigh an gealltanas thíos le do thoil agus seol chuig [ainm agus seoladh ríomhphoist]. Mura bhfaightear údarú comhlánaithe, cuirfear an cead seo ar ceal.

Mise le meas,

[Ceannasaí an Aonaid Ghnó]

Toilím cloí leis na coinníollacha thuas:

.

Sínithe: _____

Thar ceann _____

Dáta: _____

Aguisín 4 ar lean

Sampla 3: Ceadú & Slánaíocht i gcomhair ócáide i bPáirc an Fhionnuisce

A [ainm], a chara,

Tagraím don iarratas a ruinne tú le déanaí thar ceann _____ chun _____ a chur ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce ar an _____

Tugtar an cead faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- 1) Tá Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe slánaithe i gcoinne aon chaingean, agra dlí, éilimh, imeachtaí, costais nó speansais i leith aon chaillteanas, timpiste nó damáiste d'aon chineál d'aon duine ná maoín ag éirí as an gceadú seo. **Seol sonraí do chuid árachais dliteanais phoiblí de mhéid €6.5 milliún leis an litir seo.**
- 2) Ní mór cloí le teoracha an Phríomhstiúrthóir Páirceanna, an Bainisteoir Seirbhísí, an Maor Páirceanna nó a n-ionadaithe údaráithe i gcónaí.
- 3) Is tusa a bheidh freagrach as cúiteamh a íoc as aon damáiste do mhaoín Stáit, de bharr na hócáide seo.
- 4) Ní mór cloí go dlúth leis an bplean bainistíochta sábháilteachta imeachtaí, a cuireadh faoi bhráid OOP.
- 5) Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht poiblí agus gnó Stáit, coimeádann OOP an ceart aici féin bealaí nó aon socruithe eile a bhaineann leis an ócáid seo a athrú, ag aon am, nó an ócáid a chur ar ceal, gan aon fhógra a thabhairt agus gan aon dliteanas a thabhu ó thaobh éilimh ar chúiteamh ó aon duine nó grúpa. Coimeádann OOP an ceart aici féin dátaí eile a shocrú de réir mar a oireann ó thaobh fhéilire imeachtaí na Bainistíochta Páirceanna. Tabhair d'aire fiú nuair a chuirtear dáta in áirithe go sealadach, níl aon chinnteacht go mbeidh an ócáid ar siúl ar an dáta sin.
- 6) Ní ceadmhach cur isteach ar bhealach míchuí ar chuairteoirí eile i bPáirc an Fhionnuisce.
- 7) Is tusa atá freagrach as an suíomh a fhágáil, glan. Ní mór aon bhruscar a thabhairt leat.
- 8) Ní thig le lucht eagraithe na hócáide an ócáid a fhógairt go dtí go gceadaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí í agus foirm shlánaíochta sínithe agus cóip d'árachas dliteanais Phoiblí curtha isteach.
- 9) Ní mór maoirseacht chuí a chur ar fáil.
- 10) Ní mór cloí le treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta i gcónaí.

Ní mór do lucht eagraithe na hócáide cloí le Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP 2018, agus a chinntiú go bhfuil gach oibrí deonach ar an eolas faoi na forálacha. Tabhair d'aire nach bhfuil cead ag aon oibrí deonach gníomhaíochtaí do leanaí amháin a chur ar fáil mura ndearnadh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil leo. Is féidir leo, áfach gníomhaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ginearálta a bhfuil leanaí ina measc.

- 11) Ní mór do gach grúpa Measúnú Riosca a dhéanamh i ndáil leis an gcúrsa/bealach atá aontaithe, ar a laghad seachtain amháin roimh an ócáid.
- 12) Ní cheadaítear leibhéal torainn míchuí.
- 13) Ní mór don lucht eagraithe seoladh ríomhphoist a chur ar fáil le cur ar Liosta Imeachtaí ar shuíomh idirlín Pháirc an Fhionnuisce www.phoenixpark.ie

Má thoilíonn tú cloí leis na coinníollacha thuas, sínigh an gealltanais thíos le do thoil agus seol arais chugam é chomh luath agus is féidir.

Le meas,

Gealltanais

Toillím/Toillimid Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, a seirbhísigh agus a ngníomhairí, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Stát a shlánú i gcoinne aon éileamh nó cailteanas nó damáiste do mhaoín nó gortú d'aon duine ag eascairt as an gceadú seo a thabhairt dom/dúinn chun _____ a chur ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce ar an _____

Toillím cloí leis na coinníollacha thuas.

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín 5 – Foirm Thoillithe maidir le híomhanna a fhoilsiú sna Meáin

Foirm Thoillithe do Thuimitheoirí maidir le híomhanna a fhoilsiú sna meáin

Tugaimse/diúltaímse, a bhfuil m'ainm thíos, cead a thabhairt d'OOP pictiúr de mo leanbh _____ a úsáid mar atá marcáilte agam thíos. Áirítear anseo taispeáint, scaipeadh, foilsiú, tarchur, nó eile i dtaca le grianghraif, pictiúir, agus/nó físeán a tógadh de mo leanbh le húsáid in ábhair chlóite, ar nós bróisiúr agus nuachtlitreacha, físeáin agus pictiúir dhigiteacha, mar iad siúd ar Shuíomh idirlín OOP.

- ☐ Diúltaím cead d'aon úsáid a bhaint as pictiúir mo linbh.
- ☐ Tugaim cead pictiúr mo linbh a úsáid ar na bealaí seo a leanas (cuir marc ar na cinn chuí):

- I. **Úsáid theoranta:** Teasataíonn uaim go n-úsáidfí pictiúr mo linbh laistigh de thimpeallacht OOP amháin (ní amuigh sa phobal).
- II. **Úsáid theoranta:** Teasataíonn uaim go n-úsáidfí pictiúr mo linbh in ábhar oideachais amháin (ní do mhargaíocht). D'fhéadfaí an pictiúr a úsáid mar seo laistigh d'OOP nó amuigh sa phobal.
- III. **Úsáid neamhtheoranta:** Tugaim cead neamhtheoranta pictiúr de mo leanbh a úsáid in ábhar clóite, físeán, agus sna meáin dhigiteacha. Aontaím gur féidir le OOP na pictiúir seo a úsáid i mbealaí éagsúla agus gur féidir na pictiúir a úsáid, gan é sin a chur in iúl dom arís. Tuigim nach n-úsáidfear sloinne an linbh i dteannta aon íomhá físeáin ná digiteach.

Síniú tuismitheora/caomhnóra _____ Dáta

Aguisín 6: FOIRM THUAIRISCITHE EACHTRA

		Foirm thuairiscithe Eachtra CSS1 I gcomhair gach eachtra agus ábhair inní a bhaineann le Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP. Seol ar aghaidh chuig (i) bainisteoir líne an fhostaí (iii) An Duine Sainordaithe faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí, má bhaineann an eachtra le díobháil do leanbh mar a shainmhínítear san Acht um Thús áite do Leanaí.
1.	Suíomh agus an láthair go díreach ar tharla an eachtra (i) Luaigh uimhir an tsuíomh más eol duit é (ii) Ceangail grianghraif agus/nó sceitse mar is cuí	
2.	Am agus Dáta na heachtra	
3.	Cuntas ar an eachtra agus gortuithe (más ann dóibh) (i) Ceangail grianghraif agus/nó sceitse, mar is cuí	
4.	Sonraí an duine atá gortaithe (scríobh sonraí teagmhála)	Tabhair sonraí sa bhosca cuí thíos i.e. Foireann OOP nó Cuairteoir nó Tríú Páirtí, le do thoil.
4a	Foireann OOP: Ainm agus Grád	
4b	Cuairteoir nó Tríú Páirtí: Ainm agus seoladh an duine/daoine atá gortaithe	
5.	Finné (ithe)	Tabhair sonraí thíos, le do thoil
5a	Ainm agus seoladh an fhinné(ithe) (i) ceangail ráitis ó fhinnéithe, mar is cuí	
6.	Cóireáil Leighis	Tabhair sonraí thíos, le do thoil
6a	Ainm an gharchabhróra	
6b	Ainm an dochtúra agus/nó an ospidéal	
7.		

8.	Aon chóireáil leighis a tugadh/rinneadh (mar is cuí)	
9.	Aon rud eile le lua:	
	Dáta:	Sínithe:

Aguisín 7: Thaithí oibre gan íocaíocht do mhicléinn faoi 18 agus do dhaoine fásta soghonta in OOP

Polasaí agus Nósanna Imeachta OOP

Scóip agus Cúlra

Baineann an polasaí seo le hiarratais ad hoc ar thaithí oibre gearrthéarmach gan íocaíocht do mhicléinn faoi aois 18 agus do dhaoine fásta soghonta.² Ní bhaineann sé le scéimeanna foirmeálta, ar nós, Cláir na gCéimithe nó Scéimeanna Printíseachta de chuid OOP nó le hiarratais ó dhaoine aonair os cionn 18 mbliana d'aois.

De ghnáth, ní ghlactar le hiarratais ar thaithí oibre den chineál seo ach amháin ó: (i) daltaí idirbhliana meánscoile, (ii) fochéimithe faoi 18 atá ag gabháil don oideachas go lánaímseartha ag staidéar ar ábhair atá ábhartha do réimse oibre OOP, agus (iii) micléinn le míchumas atá cláraithe le cláir oideachais nó oiliúna. **Ní ghlacann OOP le hiarratais eile do thaithí oibre gan íocaíocht, nó intéirneacht do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois.**

Ullmhaíodh na nósanna imeachta seo a leanas chun a chinntiú go ndéanfaí na leanaí agus micléinn soghonta a thagann isteach ar thaithí oibre a bhainsistiú ar bhonn seasta ar fud na heagraíochta uile, de réir fhorálacha um chumhdach leanaí agus ar bhealach a dhéanann leas gach duine a chosaint: an macléinn, an maoirseoir, an eagraíocht agus an pobal.

Ní ghlacfaidh an Oifig le hiarratais ach amháin sa chás go mbíonn dóthain achmhainní acu chun riarachán agus maoirseacht mar is cuí a dhéanamh ar na micléinn. I rith tréimhsí ina mbíonn an Oifig thar a bheith gnóthach, d'fhéadfadh sí diúltú do gach iarratas.

Níl cead ag an bhfoireann leanaí faoi 18 mbliana d'aois nó daoine fásta soghonta a thabhairt isteach ar thaithí oibre in áitreabh OOP, ach amháin, faoi na socruithe atá leagtha amach sa pholasaí seo.

3.1 Critéir Riachtanacha

- Ní ghlacfar ar thaithí oibre ach micléinn lánaímseartha.
- De ghnáth, níor cheart don socrúchán oibre a bheith níos faide ná 10 lá ar fhad.
- Ní mór do gach macléinn a bheith faoi mhaoirseacht dhíreach duine de bhall foirne OOP.
- Ní mór cuntas scríofa a choimeád i leith gach socrúchán, de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos.
- Ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i leith gach maoirseoir leanaí agus daoine fásta soghonta.

3.2 An tÚdarás le micléinn a shocrú do thaithí oibre


- Is é an tAonad Foghlama & Forbartha (L & D Unit) amháin a bhfuil sé d'údarás aige leanaí agus micléinn soghonta eile a shocrú do thaithí oibre. Beidh an macléinn faoi mhaoirseacht ball foirne bunaithe de chuid OOP.

² Mar a shainmhínítear san Acht um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012.

- D'fhéadfadh ceannasaí áitiúil an Aonaid Ghnó údarás a tharmligean do dhaoine ag leibhéal áitiúil, ag ceadú dóibh siúd micléinn faoi 18 mbliana d'aois atá ar thaithí oibre a bhainistiú faoi mhaoirseacht baill d'fhoireann Oibríochta OOP. Tabharfar oifigigh idirchaidrimh macléinn orthu seo.
- Ní mór do na hoifigigh idirchaidrimh macléinn an polasaí seo a thuiscint agus cloí leis na nósanna imeachta a luaitear agus ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh i ndáil leo sula dtosaíonn siad ag obair leis na micléinn.
- Seachas an tAonad F&F (L&D) agus oifigigh idirchaidrimh macléinn, níl cead ag aon bhall foirne eile macléinn faoi 18 mbliana d'aois nó macléinn soghonta eile a thabhairt isteach in OOP ar thaithí oibre.

3.3 Taifid

- Ní mór do na hoifigigh idirchaidrimh macléinn an próiseas iontógála, cáipéisí riachtanacha agus na sonraí maidir le gach socrúchán ar leith, a bhainistiú i bhfoirm chaighdeánaithe.
- Ní mór scarbhileog a choimeád leis an eolas seo a leanas a logáil i dtaca le gach macléinn a ghlahtar isteach:



- Ba cheart an scarbhileog a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad F & F (L&D) ag deireadh gach bliana agus cuirfear isteach i lárthaifead AD (HR) í, áit a bhfuil taifid maidir le gach macléinn a bhí ar thaithí oibre i ngach láithreán de chuid OOP.
- Tá na cáipéisí seo a leanas ag teastáil i gcomhair macléinn atá **faoi bhun 18 mbliana d'aois**:

✓	2 fhoirm shlánaíochta, sínithe ag an macléinn agus a dtuismitheoir/caomhnóir, le coimeád i gcomhad. (féach Foirm Form A & B thíos)
✓	Cóip de theastas árachais/slánaíochta na scoile nó teastas árachais pearsanta a fuarthas ón macléinn agus a cuireadh i gcomhad.
✓	Ráiteas um Chumhdach Leanaí le tabhairt don mhaoirseoir díreach agus do na tuismitheoirí.
✓	Foirm Dhearbhairthe Maoirseora sínithe ag an Maoirseoir díreach (féach Foirm C thíos)
✓	Foirm Dhearbhairthe um Chumhdach Leanaí sínithe ag an macléinn agus na tuismitheoirí. (féach Aguisín 8).

3.4 Ról um Mhaoirseoir Díreach agus oibrithe eile

Níl aon dualgas ar aon bhall foirne glacadh le ról mar mhaoirseoir díreach i dtaca le micléinn ar Thaithí Oibre. Mar sin féin, má thagann macléinn isteach in áit oibre OOP, tá dualgas ar gach ball foirne a mbíonn teagmháil acu leo a thuiscint agus a bheith ar an eolas faoina n-anabaíocht siúd, a n-easpa taithí agus/nó go bhféadfadh macléinn a bheith soghonta ó thaobh sábháilteachta, sláinte, leas agus cumhdach. Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann chomh maith tuairisc a thabhairt dá mbainisteoir agus don Duine Sainordaithe atá ceaptha faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí, maidir le haon ábhar imní a bheadh acu.

B'fhéidir gur mhian le maoirseoirí díreacha bileog le heolas faoi Chód Iompair san Áit oibre i gcomhair Cumhdach Leanaí in OOP a chur ar fáil do chomhghleacaithe ar dócha go mbeidís ag obair i dteannta an mhicléinn.

Ba cheart do mhaoirseoirí díreacha a chinntiú, chomh fada agus is féidir:

- Go mbeadh an macléinn ar an láthair ag am am céanna ina mbíonn siad féin ag obair ann;
- Go mbeadh an macléinn agus an maoirseoir suite sách gar dá chéile ionas go mbeadh ar chumas an mhaoirseora maoirseacht agus tacaíocht mar is cuí a thabhairt don mhacléinn;
- Chomh fada agus is féidir, go mbeadh an macléinn ag obair in áit an-fheiceálach, le neart daoine ina thimpeall ionas nach dócha go mbeidh sé/sí ina (h)aonar le ball foirne amháin ag aon am;
- Go dtabharfaí deis réasúnta don mhacléinn páirt a ghlacadh in obair fhiúntach a dhéanamh nó a fheiceáil;
- Nach n-iarrfaí ar an macléinn bheith ag obair ina (h)aonar;
- Nach mbeadh cead ag aon duine maoirseacht a dhéanamh ar mhacléinn nach ndearnadh Grinnfhiosrúchan an Gharda Siochána i ndáil leis.

3.5 Suirbhé roimh imeachta

Ba chóir suirbhé a dhéanamh nuair a bheadh an macléinn ag imeacht le fáil amach ar bhain an macléinn sásamh as an taithí oibre agus deis a thabhairt don mhacléinn ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt ag deireadh an taithí oibre. Ba cheart aon ábhar a bhain le gearán nó imní a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad F & F (L&D). Má thagann aon ábhar imní nó gearán maidir le cumhdach leanaí chun cinn, ba cheart iad a chur in iúl don Duine Sainordaithe faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP.

Aguisín 7 ar lean Foirm A – SLÁNAÍOCHT (tuismitheoir/caomhnóir)

I gcomaoin mo mhic/m'íníon _____ a cheadú ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí chun Taithí Oibre a dhéanamh in Oifig na nOibreacha Poiblí ag _____ slánaím agus geallaim go gcoimeádfáidh mé slánaithe, an Stát agus na Coimisinéirí thuasluaite, a n-oifigh, gníomhairí agus fostaithe i gcoinne gach caingean, caillteanas, damáiste, costais, speansais agus éilimh a thagann chun cinn ar aon chineál dóigh i rith na tréimhse a mbeidh sé/sí ar an Taithí Oibre, agus aon ghníomhaíocht bainteach leis an Taithí Oibre sin.

SÍNIÚ, DÁTA & SONRAÍ TEAGMHÁLA: (Tuismitheoir/caomhnóir) _____

Aguisín 7 ar lean Foirm B – SLÁNAÍOCHT (macléinn)

I gcomaoin cead a thabhairt dom _____ ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, taithí oibre a dhéanamh ag _____ slánaím agus geallaim go gcoimeádfáidh mé slánaithe, an Stát agus na Coimisinéirí thuasluaite, a n-oifigh, gníomhairí agus fostaithe i gcoinne gach caingean, caillteanas, damáiste, costais, speansais agus éilimh a thagann chun cinn ar aon chineál dóigh i rith na tréimhse a mbeidh mé ar an Taithí Oibre, agus aon ghníomhaíocht bainteach leis an Taithí Oibre sin.

SÍNITHE & DÁTA: _____ **SEOLADH:** _____

Aguisín 7 ar lean Foirm C – Dearbhú MAOIRSEORA

Dearbhú fhoireann uile OOP a thoilíonn maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine faoi aois agus/nó daoine fásta soghonta ar shocrúcháin Thaithí Oibre.

Ainm (bloclitreacha): _____

Seoladh oibre: _____ Uimhir theagmhála: _____

- ☐ Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí Oifig na nOibreacha Poiblí léite agam (Aguisín 7 san áireamh) agus aontaím cloí lena chuid forálacha.
- ☐ Dearbhaím nach bhfuil aon chúis nach mbeinn feiliúnach le bheith ag obair le leanaí nó daoine óga.
- ☐ Toilím le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil liom sula dtosaím maoirseacht dhíreach ar dhaoine faoi aois agus daoine fásta soghonta.

Sínithe & Dáta: _____

Aguisín 8 – Foirm Dhearbhaithe don fhoireann agus soláthraithe & oibríthe deonacha áirithe

Dearbhú ón (i) bhfoireann, (ii) soláthraithe áirithe a oibríonn ar láithreáin OOP agus (iii) oibríthe deonacha ag láithreáin ar a dtugann leanaí cuairt. Tagair do Chuid 5, 8 agus 9 den Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Ainm (bloclitreacha): _____

Seoladh: _____

Uimhir Theileafóin: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

**Léigh mé Ráiteas um Chumhdach Leanaí OOP
agus aontaím cloí leis na forálacha ann**

Sínithe: _____

Dáta _____

**Dearbhaím nach bhfuil aon chúis nach mbeinn feiliúnach
le bheith ag obair nó a bheith gar do leanaí**

Sínithe: _____

Dáta _____

Seol an Fhoirm Dhearbhaithe sínithe ar ais chuig:

Mary Corrigan, Comhionannas agus Rannpháirtíocht, Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Má tá ceist agat, glaoigh ar: Teil 046 942 6157 nó seol Ríomhphost:

mary.corrigan@opw.ie